



GMIT

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE-MAIGH EO  
GALWAY-MAYO INSTITUTE OF TECHNOLOGY

# Tuarascáil Bhliantúil Annual Report

Institiúid Teicneolaíochta  
na Gaillimhe-Maigh Eo

1 Meán Fómhair 2009  
- 31 Lúnasa 2010

Galway-Mayo  
Institute of Technology

1st September 2009  
- 31st August 2010

# Tuarascáil Bhliantúil

## Annual Report

### Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo Galway-Mayo Institute of Technology

1 Meán Fómhair 2009 – 31 Lúnasa 2010  
1st September 2009 – 31st August 2010

## Clár / Contents

1.	Réamhrá / Introduction	2
2.	Rialachas / Governance	6
3.	Foireann Acadúil agus Gnóthaí Neach Léinn / Academic Staff and Student Affairs	10
4.	Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha Research and Developmental Activities	29
5.	Pearsanra / Personnel	54
6.	Tuarascáil Airgeadais / Financial Report	68
7.	Gaeilge / Irish Language	70
8.	Comhionannas Deiseanna / Equality of Opportunity	71
Aguisín I Appendix I	Scrúdaitheoirí Seachtracha / External Examiners	72
Aguisín II Appendix II	Staitisticí Neacha Léinn / Student Statistics	78
Aguisín III Appendix III	Cuntais Iniúchta / Audited Accounts	82

# Réamhrá 1

# Introduction 1

## Ráiteas an Chathaoirligh

## Chairperson's Statement

Ba líonmhar iad éachtaí GMIT sa bhliain 2009/2010 d'ainneoin cúlú san eacnamaíocht agus ciorruithe in earnáil an oideachais. Chuaigh an Institiúid, a lucht bainistíochta agus a baill foirne i ngleic leis na dúshláin agus lean díobh ag cur seirbhísí oideachasúla d'ard-chaighdeán ar fáil don réigiún.



Chuir GMIT lena raon tairiscintí fochéime, iarchéime agus páirt-aimseartha, rinne naisc nua le hinstitiúidí idirnáisiúnta tríú leibhéal, chomh maith le grúpaí áitiúla gnó, tionscail agus pobail, agus d'oscail saotharlann oiliúna fuinnimh ar líne chun oiliúint agus feabhsú scileanna a chur ar fáil d'fhochéimithe, iarchéimithe innealtóireachta na hÉireann, agus dóibh siúd i dtionscal na tógála agus i dtionscail nuaghinte fuinnimh.

Sheol an Lárionad Foghlama ar Feadh an tSaoil de chuid GMIT sraith cúrsaí nua creidiúnaithe páirt-aimseartha i bhFuinneamh Inbhuanaithe chun freastal orthu siúd nach bhféadfadh an t-am a chaitheamh le staidéar lánaimseartha agus chuir an lárionad tús le cúrsa gairmiúil speisialaithe nua a chur ar fáil do ghrúpa fostaithe de chuid mhórchuideachta ilnáisiúnta ina n-ionad oibre.

Ghnóthaigh neacha léinn na duaiseanna ab airde i gcomórtais náisiúnta arís agus bhuaigh neacha léinn as campas Leitir Fraic Comórtas Ceirdeanna Náisiúnta an RDS agus Comórtas Scileanna Náisiúnta na Roinne Oideachais. Cuireadh neacha léinn ríomhaireachta ar ghearrliosta do raon duaiseanna náisiúnta le haghaidh dearadh láithreáin ghréasáin agus thuill neacha léinn Mínealaíona Teicstíle mar onóir gur tugadh cuireadh dóibh bheith páirteach in dhá thaispeántas i Londain.

Chuir neacha léinn agus baill foirne mórtionscnaimh bhailiúcháin airgid chun cinn le haghaidh raon carthanais sa bhaile agus i gcéin. Shroich lárionad oiliúna d'obair adhmadóireachta in Saimbia, a chuir neacha léinn agus baill foirne as campas Leitir Fraic ar bun, cloch mhíle nuair a bhain a chéad ghrúpa neach léinn pas amach ina scrúduithe ceirde; chuir neacha léinn san Innealtóireacht Ríomhaireachta & Leictreonaice lárionad ar bun chun seanríomhairí a athchóiriú le haghaidh charthanais Camara a bhaineann úsáid as an teicneolaíocht chun feabhas a chur ar an oideachas san Afraic; agus bhailigh neacha léinn Innealtóireachta agus Óstáin €55,000 chun baile beag a thógáil san Aetóip mar chuid den tionscadal 'Habitat for Humanity'. Rinne neacha léinn Óstáin an €140,000 a bhailigh siad do Lions na Gaillimhe ó 1982 a cheiliúradh.

2009/2010 marked a year of many achievements for GMIT despite the economic recession and cutbacks in the education sector. The Institute, its management and staff rose to the challenges and continued providing quality educational services to the region.

GMIT extended its range of undergraduate, post-graduate and part-time offerings, forged new links with international third-level institutions, as well as local business, industry and community groups, and opened a new online energy training laboratory to provide training and upskilling to Ireland's engineering undergraduates, post-graduates, and those in the construction and nascent energy industries.

GMIT's Lifelong Learning Centre in Galway launched a series of new part-time accredited courses in Sustainable Energy to cater for those who could not commit to full-time study while the centre in Castlebar began delivery of a new specialised professional course to a group of employees of a major multinational company in their place of work.

Students once again took top awards in national competitions with students from the Letterfrack campus winning both the RDS National Crafts Competition and the Department of Education National Skills Competition. Computing students were shortlisted for a range of national awards for website design while Textiles and Fine Art students received the honour of being invited to exhibit at two prestigious shows in London.

Students and staff drove major fund-raising initiatives for a range of charities at home and abroad. A Zambian wood-work training centre set up by students and staff from the Letterfrack campus marked a milestone when its first group of students passed their trade exams; Computing & Electronic Engineering students established a centre to refurbish old computers for the Camara charity who use technology to improve education in Africa; and Engineering and Hotel students raised €55,000 to build an Ethiopian village as part of the 'Habitat for Humanity' project. Hotel students celebrated reaching the €140,000 they have raised for Galway Lions since 1982.

Ghlac baill foirne ag campas Chaisleán an Bharraigh le mórthionscnamh chun campas Glas a dhéanamh de, agus chuir tús le raon gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm chun ábhair a athchúrsáil agus chun fuinneamh agus uisce a chaomhnú.

Níl iontu sin ach roinnt d'éachtaí iomadúla na neach léinn agus na foirne le linn 2009/2010 atá róilíonmhar le go luafaí iad uilig anseo.

Ar son an Bhord Rialaithe, glacaim buíochas ó chroí leis an Uachtarán, leis an bhfeidhmeannas agus le foireann GMIT as an tiomantas agus an díograis a chaitheann siad ar mhaithe leis na neacha léinn. Mo bhuíochas mór freisin le comhaltaí an Bhord Rialaithe a thugann a gcuid ama agus saineolais go deonach don Institiúid.

Baineann an tuarascáil seo le 2009/10. Is iomaí athrú a tharla san Institiúid ón uair úd, ar a n-áirítear Bord Rialaithe, Uachtarán agus Cláráitheoir nua. Ba onóir dom nuair a iarradh orm bheith i mo chathaoirleach ar an mBord Rialaithe ó 29 Meán Fómhair 2011. Ba mhian liom ómós ar leith a léiriú do mo réamhtheachtaithe Rory O'Connor agus Donagh O'Donoghue.



**Des O Mahon,**  
*Cathaoirleach,*  
*Bord Rialaithe GMIT*

Staff at the Castlebar campus signed up to a major initiative to become a Green campus, and began implementing a range of actions to recycle materials and conserve energy and water.

These are just some of the many achievements of students and staff during 2009/2010, too numerous to mention here.

On behalf of the Governing Body, I sincerely thank the President, Executive, Management and staff of GMIT for their continued commitment and dedication to our students. A sincere thank you too to Governing Body members who volunteer their time and expertise to the Institute.

This report refers to 2009/10. There have been many changes in the Institute since that time including a new Governing Body, President and Registrar. I was honoured to be asked to take on the role of chair of Governing Body from 29 September 2011. I would like to pay particular tribute to my predecessors Rory O'Connor and Donagh O'Donoghue.



**Des Mahon,**  
*Chairperson,*  
*GMIT Governing Body*

## Ráiteas an Uachtaráin

Ba bhliain dhúshlánach don tír í 2009/10 agus cúinsí geilleagracha ag dul in olcas i gcónaí. Cuireadh isteach ar GMIT freisin ar bhealaí éagsúla agus cuireadh isteach ar ghníomhaíochtaí na hInstitiúide, ar na neacha léinn, na céimithe agus ar an bhfoireann oibre.

Ach sheas an Institiúid an fód in éadan na ndúshlán agus lean dá cuid forbairtí rathúla i mórán réimsí le linn na bliana, rud a chuideoidh le cothú na hInstitiúide sna blianta atá romhainn.

Ar cheann de na bearta ba thábhachtaí don ardoideachas le blianta beaga bhí obair an Chomhlachta Athbhreithnithe ar thodhchaí an ardoideachais in Éirinn a raibh an Dr Colin Hunt ina chathaoirleach air, Ceapadh Marion Coy, Uachtarán, don Chomhlacht Athbhreithnithe i bhfianaise a cuid eolais mhóir ar na forbairtí san ardoideachas go hidirnáisiúnta.

Sheol an Institiúid an Plean Straitéiseach do 2010 – 2015 dar teideal “Do Láthair – Do Dhán” a shainithin cúig phríomhphiléar le haghaidh forbartha:

- Foghlaim & Teagasc
- Timpeallacht an Neacha Léinn
- Taighde & Nuálaíocht
- Bainteacht leis an bPobal
- Idirnáisúnú agus Comhoibriú

Sonraíonn an tuarascáil seo éachtaí sna réimsí sin le linn 2009/10 ach ba mhaith liom roinnt éachtaí ar leith a lua sa ráiteas seo.

Is príomhspríoc de chuid an rialtais agus de chuid na hInstitiúide í forbairt gníomhaíochta idirnáisiúnta. I gcaitheamh na bliana rinne an Institiúid comhaontuithe comhoibriúchá le hOllscoil Nanchang sa tSín, le Virginia Polytechnic Institute agus State University agus le Johnson & Wales University sna SA. Lena hais sin, chomhoibrigh an Institiúid le hIT Bhaile Átha Luain agus le hIT Phort Láirge i gcomhaontú tábhachtach leis an gCorparáid Oiliúna Teicniúla agus Gairmiúla san Araib Shádach chun oideachasóirí Sádacha a oiliúint in Éirinn. Cuimsíonn na comhaontuithe sin raon disciplíní ar fud na hInstitiúide.

I dtéarmaí teagaisc agus foghlama, chuir an Institiúid a hAthbhreithniú Institiúideach faoi bhráid na Comhairle Dámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) i Meitheamh 2010 agus thug painéal idirnáisiúnta cuairt ar an Institiúid i Meán Fómhair 2010. Ina theannta sin, cuireadh Athbhreithniú Cláir i gcrích i gCampas Leitir Fraic agus sna Scoileanna Gnó, Óstáin agus Eolaíochta.

## President's Statement



2009/10 proved to be a challenging one for the country as economic conditions continued to deteriorate. GMIT was also affected in a number of ways impacting upon the activities of the Institute as well as upon our students, graduates and staff.

Nevertheless, the Institute rose to the challenges and continued its successful developments in many areas during the year which will serve to sustain the Institute in the years ahead.

One of the most significant undertakings in recent times for higher education was the work of the Review Body on the future of higher education in Ireland chaired by Dr Colin Hunt. Marion Coy, President, was appointed to the Review Body in light of her considerable knowledge of developments in higher education internationally.

The Institute launched its Strategic Plan for 2010-2015 entitled “Your Place – Your Future” which identified five key pillars for development:

- Learning & Teaching
- Student Environment
- Research & Innovation
- Community Engagement
- Internationalisation & Collaboration

This report details achievements in these areas during 2009/10 but I would like to mention some particular achievements in this statement.

The development of international activity is a key government and Institute goal. During the year, the Institute formed collaboration agreements with Nanchang University in China, Virginia Polytechnic Institute and State University in the US, and Johnson & Wales University in the US. In addition, the Institute collaborated with Athlone IT and Waterford IT in a significant agreement with the Technical and Vocational Training Corporation (TVTC) in Saudi Arabia to train Saudi educators in Ireland. These international agreements cover a range of disciplines across the Institute.

In terms of teaching and learning, the Institute submitted its Institutional Review to the Higher Education and Training Awards Council (HETAC) in June 2010 and an international panel visited the Institute in September 2010. In addition, Programmatic Reviews were completed in the Letterfrack Campus and in the Schools of Business, Hotel and Science.




I gcúrsaí taighde, fuair GMIT dhá dhuais IRCSET. Chomh maith leis sin, stiúraigh an Dr Ian O'Connor ón Lárionad Taighde Mhuirí agus Fhionnuisce togra rathúil inar cuimsíodh GMIT i gComhchlár Dochtúireachta Erasmus Mundus de chuid an AE. Tá ag éirí go maith leis an Lárionad Nuálaíochta i nGnó i nGaillimh agus i gCaisleán an Bharraigh agus gnólachtaí nua fiontraíochta agus nuálaíochta á bhforbairt acu. Rinne dhá chuideachta cliaint, Nortev agus Snap2Travel, an t-aistriú go rathúil ón liBC in 2009/10.

Tharla tionscnaimh shuntasacha sa Teagasc agus san Fhoghlaim i gcomhthéacs na dtionscadal atá forbartha i gcomhar le hInstitiúidí Páirtnéireachta (NUIG, AIT, IT Shligigh) agus iad maoinithe trí Chiste Straitéiseach Nuálaíochta an ÚAO. Orthu sin tá an modúl Foghlaim Conas Foghlaim (L2L) chun tacú le neacha léinn na chéad bhliana le coinneáil an eolais a fheabhsú; Clár Foghlama Piarachuidithe; Modúl Clár Bainistíochta agus Modúl ar Bhainteacht leis an bPobal a fhorbairt.

Leanadh de na feabhsúcháin a dhéanamh ar thimpeallacht na neach léinn trí thionscadal na "lársráide" a fhorbairt ar Champas Bhóthar Bhaile Átha Cliath; dearadh fhoirgneamh na neach léinn; feabhsuithe sa réimse Taighde Mhuirí agus oibreacha feabhsúcháin ginearálta ar gach campas.

Cé go meastar go leanfaidh na cúinsí deacra ar aghaidh an bhliain seo romhainn, ba chóir go gcinnteodh pleananna uailmhianacha na hInstitiúide go leanfaidh GMIT dá ról i gcónaí i bhforbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta an réigiúin.



Micheál Ó Cearmáda  
Uachtarán

## Misean GMIT

Mar institiúid oideachais atá maoinithe ag an bpobal, tá GMIT bródúil as a féiniúlacht agus a ról mar Institiúid Teicneolaíochta. Tá sí bródúil as a cuid daoine agus a cuid éachtaí agus múinín aici ina cumas chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na toadhcháí.


Ag GMIT forbraimid deiseanna ar feadh an tsoil trínár dteagasc agus taighde agus trí thacú le forbairt réigiúnach ag teacht le polasaí ardoideachais náisiúnta.

In research, GMIT received two IRCSET awards. Also, Dr Ian O'Connor of the Marine and Freshwater Research Centre led a successful proposal where GMIT was included in an EU Erasmus Mundus Joint Doctoral Programme. The Innovation in Business Centres in Galway and Castlebar are proving very successful in developing new and innovative entrepreneurial businesses and two client companies, Nortev and Snap2Travel, successfully transitioned from the liBC in 2009/10.

Significant initiatives have occurred in Teaching and Learning in the context of projects jointly developed with partner institutions (NUIG, AIT, IT Sligo) and funded through the HEA Strategic Innovation Fund (SIF). These include a Learning to Learn (L2L) module to support first year students and to improve retention; a Peer Assisted Learning Programme; a Module Manager Programme and the development of a Community Engagement Module.

Improvements in the student environment continued through projects such as the central "street" development on the Dublin Road Campus; the design of the student building; enhancements to the Marine Research area and general improvement works on all campuses.

Although it is envisaged that the difficult conditions will continue in the year ahead, the Institute's ambitious plans should ensure that GMIT continues to play a key role in the social, cultural and economic development of the region.



Michael Carmody  
President

## The GMIT Mission

As a publicly funded higher education institution, GMIT is proud of its identity and role as an Institute of Technology. It is proud of its people and achievements and has confidence in its ability to meet the challenge of the future.

At GMIT we develop the life-long learning opportunities through our teaching and research, by supporting regional development consistent with national higher education policy.

## Rialachas 2

## Governance 2

### An Bord Rialaithe 2.1

### Governing Body 2.1

#### Ceaptha: Márta 2005 – 31 Márta 2010

Rory O'Connor Uas.

Cathaoirleach *Ceaptha Aibreán 2006*

Marion Coy Uas.

Uachtarán

Breandán Ó Callaráin Uas.

CGO Chathair na Gaillimhe *Ceaptha Bealtaine 2006*

Seosamh Mac Donncha Uas.

CGO Chontae na Gaillimhe *Ceaptha Meitheamh 2006*

An Comh. Teresa McGuire

CGO Chontae Mhaigh Eo

Joe Cunningham Uas.

ICTU

Donagh O'Donoghue Uas.

IBEC

An Comh. Patrick McMahon

CGO Chontae an Chláir

An Comh. Brian Walsh

CGO Chathair na Gaillimhe

An Dr Deirdre O'Keefe

Fáilte Éireann D'éirigh as M. Fómh. 07

Carmel Brennan Uas.

Cumann Lucht Tráchtála na Gaillimhe

An Comh. Fidelma Healy-Eames

CGO Chontae na Gaillimhe D'éirigh as Lún. 07

Betsy Maloney Uas.

CGO Chontae na Gaillimhe

Maria Heneghan Uas.

TEAGASC

Joe Beirne Uas.

Institiúid Innealtóirí na hÉireann

An Dr Íde Ní Fhaoláin

Foireann Acadúil GMIT

Hugh McBride Uas.

Foireann Acadúil GMIT

Chris McLoughlin Uas.

Foireann Neamh-Acadúil GMIT

#### Aontas na Neach Léinn

Bliain Acadúil 09/10

Pádraic Bonner Uas. (Uachtarán) Aontas Neach Léinn GMIT  
*Ceaptha Aibreán 2010*

Claire Lawlor Uas.

(Leas-Uachtarán) ANL GMIT Chaisleán an Bharraigh  
*Ceaptha Aibreán 2010*

#### Appointed: March 2005 – 31st March 2010

Mr Rory O'Connor

Chairman *Appointed April 2006*

Ms Marion Coy

President

Mr Breandán O Callarain

City of Galway VEC *Appointed May 2006*

Mr Seosamh Mac Donncha

County Galway VEC *Appointed June 2006*

Cllr Teresa McGuire

County Mayo VEC

Mr Joe Cunningham

ICTU

Mr Donagh O'Donoghue

IBEC

Cllr Patrick McMahon

County Clare VEC

Cllr Brian Walsh

City of Galway VEC

Dr Deirdre O'Keefe

Fáilte Ireland *Resigned Sept 07*

Ms Carmel Brennan

Galway Chamber of Commerce/Industry

Cllr Fidelma Healy-Eames

County Galway VEC *Resigned Aug 07*

Ms Betsy Maloney

Galway County VEC *Appointed Feb 2009*

Ms Maria Heneghan

TEAGASC

Mr Joe Beirne

Institution of Engineers of Ireland

Dr Íde Ní Fhaoláin

GMIT Academic Staff

Mr Hugh McBride

GMIT Academic Staff

Mr Chris McLoughlin

GMIT Non-Academic Staff

#### Students Union

Academic Yr 09/10

Mr Patrick Bonner (President) GMIT Students' Union  
*Appointed April 2010*

Ms Clare Lawlor

(Vice President) GMIT Castlebar SU  
*Appointed April 2010*



## AN BORD RIALAITHE

**Ar chúl: C-D:** Breandán Ó Callaráin, CGO Chathair na Gaillimhe; An Comh Brian Walsh, CGO Chathair na Gaillimhe; Bernard O'Hara, Cláraitheoir, GMIT; Jim Fennell, Rialtóir Airgeadais agus Rúnaí Bhord Rialaithe GMIT; Claire Lawlor, Leas-Uachtarán GMIT, Caisleán an Bharraigh; Patrick McMahon CGO Cho. an Chláir; Chris McLoughlin, Foireann Neamh-Acadúil GMIT; An Dr Íde Ní Fhaoláin, Foireann Acadúil GMIT; Patrick Bonner, Uachtarán, Aontas na Neach Léinn, GMIT; Betsy Maloney, CGO Cho. na Gaillimhe; Hugh McBride, Foireann Acadúil GMIT; Seosamh Mac Donncha, CGO Cho. na Gaillimhe.

**Chun tosaigh: C-D:** Joe Cunningham, ICTU; Marion Coy, Stiúrthóir GMIT; Rory O'Connor, Cathaoirleach, GMIT; Joe Beirne, Institiúid Innealtóirí na hÉireann; Carmel Brennan, Cumann Tráchtála na Gaillimhe.

## GOVERNING BODY

**Back row, L-R:** Breandán Ó Callaráin, City of Galway VEC, Cllr. Brian Walsh, City of Galway VEC, Bernard O'Hara, Registrar, GMIT; Jim Fennell, GMIT Financial Controller and Governing Body Secretary; Clare Lawlor, Vice-President, GMIT Castlebar Students Union; Patrick McMahon, County Clare VEC; Chris McLoughlin, GMIT Non-Academic Staff; Dr. Ide Ní Fhaoláin, GMIT Academic Staff; Patrick Bonner, President, GMIT Students Union; Betsy Maloney, Co. Galway VEC; Hugh McBride, GMIT Academic Staff; Seosamh Mac Donncha, Co. Galway VEC

**Front row, L-R:** Joe Cunningham, ICTU, Marion Coy, President, GMIT, Rory O'Connor, Chairman, GMIT, Joe Beirne, Institution of Engineers Ireland; Carmel Brennan, Galway Chamber.

## Comhaltaí an Bhord Rialaithe Bealtaine 2010 – Aibreán 2015

Rory O'Connor Uas.	Cathaoirleach <i>D'éirigh as 10/05/11</i>
Marion Coy Uas.	Uachtarán GMIT <i>D'éirigh as 30/11/10</i>
Jim Fennell Uas.	Uachtarán Gníomhach 1/12/10
Breandán Ó Callaráin Uas.	CGO Chathair na Gaillimhe
An Comh Terry O'Fhaherty	CGO Chathair na Gaillimhe
Seosamh Mac Donncha Uas.	CGO Cho. na Gaillimhe
Eileen Mannion Uas.	CGO Cho. na Gaillimhe
An Comh Pat McMahon	CGO Cho. an Chláir
An Comh Michelle Mulherin	CGO Cho. Mhaigh Eo
Marie Finnegan Uas.	Ionadaí na Foirne Acadúla
An Dr Seán Duignan	Ionadaí na Foirne Acadúla
Liam Noonan Uas.	Ionadaí na Foirne Neamh-Acadúla
Joe Cunningham Uas.	ICTU
Donagh O'Donoghue Uas.	IBEC
Paul Shelly Uas.	Cumann Tráchtála na Gaillimhe
Máire Ní Chionna Uas.	Innealtóirí Éireann
Siobhán Burke Uas.	Conaidhm Óstáin na hÉireann
Jane Daly Uas.	An Chomhairle Ealaíon
Colin Canny Uas.	Ionadaí na Neach Léinn
Rachel Sillery Uas.	Ionadaí na Neach Léinn

## Governing Body Members May 2010 – April 2015

Mr Rory O'Connor	Chairman <i>term of office ended 10/05/11</i>
Ms Marion Coy	President, GMIT <i>Retired</i>
Mr Jim Fennell	Acting President 1/12/10
Mr Breandán Ó Callarán	City of Galway VEC
Cllr Terry O'Flaherty	City of Galway VEC
Mr Seosamh Uas MacDonncha	County Galway VEC
Cllr Eileen Mannion	County Galway VEC
Cllr Pat McMahon	County Clare VEC
Cllr Michelle Mulherin	County Mayo VEC
Ms Marie Finnegan	Academic Staff Representative
Dr Sean Duignan	Academic Staff Representative
Mr Liam Noonan	Non-Academic Staff Representative
Mr Joe Cunningham	ICTU
Mr Donagh O'Donoghue	IBEC
Mr Paul Shelly	Galway Chamber of Commerce
Ms Máire Ní Chionna	Engineers Ireland
Ms Siobhán Burke	Irish Hotels Federation
Ms Jane Daly	The Arts Council
Mr Colin Canny	Student Representative
Ms Rachel Sillery	Student Representative



## Foireann Shinsearach 2.2

### Uachtarán

Marion Coy, BA, H Dip in Ed, MA

### Riarachán/Seirbhísí Neacha Léinn

**Cláráitheoir:** Bernard O'Hara Uas.,

BComm, LLB, MBA, FCIS, FCMA, MCIPD, AITI, Dip Soc Sc

**Cláráitheoir Cúnta:** Michael Hannon Uas., B Tech (Ed)

**Rúnaí/Rialtóir Airgeadais:**

Jim Fennell Uas., Dip Bus Stds, FCCA

**Ceann Forbartha:**

Andrew D'Arcy Uas., BA, MIE, MIIE, MIMC

**Ceann Léinn agus Teagaisc:**

Dennis Murphy, BBS, MSc (Econ)

**Leabharlannaí:**

Ann Joyce Uas.

**Riarachán Acadúil & Gnóthaí Neacha Léinn:**

Philomena Lydon Uas.

**Bainisteoir Acmhainní Daonna:**

Tony McDonogh Uas., BCOMM, HDip, MBA, LLB

**Bainisteoir Airgeadais:**

Edel O'Connor Uas., BComm, MSc (Cuntasaíocht), FCA

**Bainisteoir Foirgneamh agus Eastát:**

David Lee Uas., BE, CDIPAF, CEng MIEI, IOSH

**Bainisteoir Seirbhísí Ríomhaire:**

Martin Gibbons Uas.

**Bainisteoir Seirbhísí Tráchtála:**

An Dr John Kennedy, BSc (Hons) PhD, MBA

**Ceann Taighde**

An Dr Patrick Delassus, Dip in Mech Eng, , Dip. in Pyrotechnic Eng., BEng (Inn Táirgíochta) BEng (Inn Mheic), MSc, PhD

### Scoil na nDaonnachtaí

**Ceann na Scoile:**

Mary McCague Uas., BA, HDE

**Ceann na nEalaíon Cruthaíoch:**

An Dr Suzanne O'Shea, BA (Hons), M.Phil, D.Phil

### Scoil Ghnó

**Ceann na Scoile:**

Laurence Elwood Uas., BComm, HDE, MA

**Ceanna na Roinne Gnó:**

Deirdre Lusby Uas., BComm, M.i gCuntasaíocht agus Carmel Brennan, BComm, MBS

## Senior Staff 2.2

### President

Ms. Marion Coy, BA, H Dip in ED, MA

### Administration/Student Services

**Registrar:** Mr. Bernard O'Hara,

BComm, LLB, MBA, FCIS, FCMA, MCIPD, AITI, Dip Soc Sc

**Assistant Registrar:** Mr. Michael Hannon, BTec (Ed)

**Secretary/Financial Controller:**

Mr. Jim Fennell, Dip Bus Stds, FCCA

**Head of Development:**

Mr. Andrew D'Arcy, BA, MIE, MIIE, MIMC

**Head of Learning and Teaching:**

Mr. Dennis Murphy, BBS, MSc (Econ)

**Librarian:**

Ms Ann Joyce, BA

**Academic Administration & Student Affairs:**

Ms Philomena Lydon

**Human Resources Manager:**

Mr. Tony Mc Donogh, BComm, HDip, MBA, LLB

**Finance Officer:**

Ms Edel O'Connor, BComm, MSc (Accounting), FCA

**Buildings and Estates Manager:**

Mr. David Lee, BE, CDIPAF, CEng, MIEI, Cert, IOSH

**Computer Services Manager:**

Mr. Martin Gibbons

**Commercial Services Manager:**

Dr. John Kennedy, B Sc (Hons) PhD, MBA

**Head of Research**

Dr. Patrick Delassus, Dip. in Mech. Eng, Dip. in Pyrotechnic Eng, BEng, (Production Eng), BEng, (Mech. Eng), MSc, PhD

### School of Humanities

**Head of School:**

Ms Mary Mac Cague, BA, HDE

**Head of Creative Arts:**

Dr. Suzanne O'Shea, BA (Hons), M Phil, D Phil

### School of Business Studies

**Head of School:**

Mr. Laurence Elwood, BComm, HDE, MA

**Head of Department of Business:**

Ms Deirdre Lusby, BComm, M. in Accounting and Ms. Carmel Brennan, BComm, MBS

**Scoil na hInnealtóireachta****Ceann na Scoile:**

Gerard MacMichael Uas., BSc (Eng), MIE, MBA

**Ceann na Roinne Foirgníochta agus Innealtóireachta Sibhialta:**

Tom White Uas., FRICS., FSCS

**Ceann na Roinne Leictreonaice:**

Des O'Reilly Uas., BEng, MSc.

**Ceann Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla/Tionsclaíochta:**

An Dr Carine Gachon, C Eng, M Eng, DEA, PhD

**Scoil Óstáin****Ceann na Scoile:**

Cáit Noone, BA (Onór), Cert. Educ., MBA

**Roinn na nEalaíon Cócaireachta agus Fáilteachais:**

Robert Dagger Uas., City and G7063, Cert Effective Mgmt

**Roinn Bainistíochta Óstáin agus Turasóireachta:**

Gerry Talbot, MA

**Scoil na hEolaíochta****Ceann na Scoile:**

An Dr Desmond Foley, BSc, PhD

**Ceann Roinn na hEolaíochta:**

An Dr Seamus Lennon, BSc, PhD, Dip Pharm. Man. Tech

**Ceann Roinn na Matamaitice agus na Ríomhaireachta:**

Gabriel Hicks Uas, BA, MSc

**Foghlaim ar Feadh an tSaoil:****Comhordaitheoir:**

Peter Butler Uas., B Eng, MBS

**Leitir Fraic****Ceann na Roinne:**

Dermot O'Donovan, BComm,

Teastas i nDearadh Troscáin, MSc

**Caisleán an Bharraigh****Ceann an Lárionaid:**

An Dr Barbara Burns, BSc, PhD

**Ceann na Roinne Altranais:**

Geraldine Murray Uas. MBA, BNS, Teastas i mBainistíocht

**Ceann na Roinne Gnó,****na nDaonnachtaí & na Teicneolaíochta:**

Michael Gill Uas. BComm, DPA, ACA, HDip in Ed.

**School of Engineering****Head of School:**

Mr. Gerard Mac Michael, BSc (Eng), MIE, MBA

**Head of Department of Building and Civil Engineering:**

Mr. Tom White, FRICS., FSCA

**Head of Department of Electronics:**

Mr. Des O'Reilly, BEng, MSc.

**Head of Department of Mechanical/Industrial Engineering:**

Dr. Carine Gachon, C Eng, M Eng, DEA, PhD

**Hotel School****Head of School:**

Ms Cait Noone, BA (Hons), Cert. Educ, MBA

**Department of Culinary Arts and Hospitality:**

Mr. Robert Dagger, C and G7063, Cert Effective Mgmt

**Department of Hotel and Tourism Management:**

Mr. Gerry Talbot, MA

**School of Science:****Head of School:**

Dr. Desmond Foley, BSc, PhD

**Head of Department of Science:**

Dr. Seamus Lennon, BSc, PhD, Dip Pharm. Man. Tech

**Head of Department of Mathematics and Computing:**

Mr. Gabriel Hicks, BA, MSc

**Lifelong Learning:****Co-ordinator:**

Mr. Peter Butler, B Eng, MBS

**Letterfrack****Head of Department:**

Mr. Dermot O'Donovan, BComm,

Certificate in Furniture Design, MSc

**Castlebar****Head of Centre:**

Dr. Barbara Burns, BSc, PhD

**Head of Department of Nursing:**

Ms Geraldine Murray, MBA, BNS, Dip in Management

**Head of Department of Business,****Humanities and Technology:**

Mr. Michael Gill, BComm, DPA, ACA, HDip in Ed.

# Foireann Acadúil agus Gnóthaí Neach Léinn 3

## An Chomhairle Acadúil 3.1

### An Chomhairle Acadúil 2007 – 10

Marion Coy Uas. (Cathaoirleach)  
Bernard O’Hara Uas. (Rúnaí)  
Carmel Brennan Uas.  
Deirdre Brophy Uas.  
Tom Burke Uas.  
An Dr Barbara Burns  
Peter Butler Uas.  
David Cashman Uas.  
Celine Curtin Uas.  
Andrew D’Arcy Uas., scortha  
Robert Dagger Uas.  
An Dr Patrick Delassus  
Larry Elwood Uas.  
John Farrell Uas.  
An Dr Des Foley  
Clodagh Geraghty Uas.  
Michael Hannon Uas.  
Kevin Heffernan Uas.  
Gabriel Hicks Uas.  
Colm Kelleher Uas.  
An Dr Seamus Lennon  
Aidan Luddy Uas.  
Deirdre Lusby Uas.  
Phil Lydon Uas.  
Kevin Maye Uas.  
Mary MacCague Uas.  
Gerard MacMichael Uas.  
Thomas Mangan Uas.  
Hugh McBride Uas.  
Ivan McPhillips Uas.  
Maureen Melvin Uas.  
Andrea Moloney Uas.  
Shane Moran Uas.  
Dennis Murphy Uas.  
Geraldine Murray Uas.  
An Dr Íde Ní Fhaoláin, d’éirigh as  
Cáit Noone Uas.  
Gerard O’Donnell Uas.  
Des O’Reilly Uas.  
An Dr Ian O’Connor  
Dermot O’Donovan Uas.  
An Dr Suzanne O’Shea Uas.  
Lennart Reichenbach Uas.  
Mary Rogers Uas.  
Pauline Staunton Uas.  
Kathleen Taheny Uas.  
Gerry Talbot Uas.  
Margaret Waldron Uas./Bernie Lally Uas.  
Tom White Uas.

### Ionadaithe Aontas na Neach Léinn

Patrick Boner Uas.  
Colin Canny Uas.

### Fochoistí

- Coiste Measúnaithe
- Coiste Seasta
- Caighdeán Acadúla
- Iontrálacha Neacha Léinn
- Achomhairc Institiúide
- Taighde
- Coiste Disciplín

## Academic Council 3.1

### Academic Council 2007-10

Ms. Marion Coy (Chairperson)  
Mr. Bernard O’Hara (Secretary)  
Ms. Carmel Brennan  
Ms. Deirdre Brophy  
Mr. Tom Burke  
Dr. Barbara Burns  
Mr. Peter Butler  
Mr. David Cashman  
Ms. Celine Curtin  
Mr. Andrew D’Arcy, retired  
Mr. Robert Dagger  
Dr. Patrick Delassus  
Mr. Larry Elwood  
Mr. John Farrell  
Dr. Des Foley  
Ms. Clodagh Geraghty  
Mr. Michael Hannon  
Mr. Kevin Heffernan  
Mr. Gabriel Hicks  
Mr. Colm Kelleher  
Dr. Seamus Lennon  
Mr. Aidan Luddy  
Ms. Deirdre Lusby  
Ms. Phil Lydon  
Mr. Kevin Maye  
Ms. Mary MacCague  
Mr. Gerard MacMichael  
Mr. Tomas Mangan  
Mr. Hugh McBride  
Mr. Ivan McPhillips  
Ms. Maureen Melvin  
Ms. Andrea Moloney  
Mr. Shane Moran  
Mr. Dennis Murphy  
Ms. Geraldine Murray  
Dr. Íde Ní Fhaoláin, resigned  
Ms. Cáit Noone  
Mr. Gerard O’Donnell  
Mr. Des O’Reilly  
Dr. Ian O’Connor  
Mr. Dermot O’Donovan  
Dr. Suzanne O’Shea  
Mr. Lennart Reichenbach  
Ms. Mary Rogers  
Ms. Pauline Staunton  
Ms. Kathleen Taheny  
Mr. Gerry Talbot  
Ms. Margaret Waldron / Ms. Bernie Lally  
Mr. Tom White

### Students’ Union Reps

Mr. Patrick Boner  
Mr. Colin Canny

### Sub-Committees

- Assessment Committee
- Standing Committee
- Academic Standards
- Student Admissions
- Institute Appeals
- Research
- Disciplinary Committee

# Academic Staff and Student Affairs 3

## Gnóthaí Acadúla 3.2

Bhí Bernard O'Hara Uas., LLB., MBA, FCMA, MCIPD, AITI, ina Chláraitheoir ag Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo (GMIT) go dtí go ndeachaigh sé ar scor le déanaí ar 31 Lúnasa 2010. Thosaigh sé in GMIT ar an gcéad lá in 1972 mar léachtóir i nGnó agus tugadh ardú céime dó go Ceann Roinne in 1977. Bhí sé mar Cheann na Scoile Gnó agus Daonnachtaí ar feadh naoi mbliana déag agus ina Chláraitheoir ar feadh aon bhliain déag. Bhí baint mhór aige le Craobh an Iarthair den Institute of Personnel and Development le linn na mblianta.

I Meán Fómhair 2009, cuireadh tús le Seiceáil Gharda ar gach neach léinn a mbeidh teacht gan mhaoirseacht acu ar leanaí agus/nó ar dhaoine fásta leochaileacha. Is é seo an chéad uair ar thug GMIT faoin a leithéid.

Cuireadh Tuairiscí Athbhreithnithe Cláir i gcrích do Ghnó, Óstán, Innealtóireacht, Eolaíocht agus Leitir Fraic agus cuireadh faoi bhráid an Bhord Rialaithe iad i Samhain 2009.

**Tugann an t-eacnamaí clúiteach TK Whitaker cuairt ar GMIT**  
Thug an Dr TK Whitaker cuairt ghearr ar GMIT inné (Déar. 3 Meán Fómhair) mar aoi ag an 12ú Comhdháil Bhliantúil de chuid Acadamh Bainistíochta na hÉireann a bhí á hóstú ag an Institiúid. Iar-Rúnaí na Roinne Airgeadais é an Dr Whitaker agus údar na tuarascála Forbairt Eacnamaíochta ba chúis leis an gCéad Chlár Forbartha Eacnamaíochta 1958 a d'athraigh geilleagar na hÉireann ó bhun. Bronnadh Duais an Lifetime Achievement in Management ó IAM ar an Dr Whitaker. Bhí sé i láthair ag fáiltiú le hUachtarán agus lucht foirme GMIT nuair a bronnadh bosca lámhsnoite mar bhronntanas air a rinne neacha léinn ó Leitir Fraic GMIT. Tá an Dr Whitaker sa phictiúr (lár, ar dheis) in éineacht le hUachtarán GMIT Marion Coy agus leis an gCláraitheoir Bernard O'Hara.

## Academic 3.2

Mr. Bernard O'Hara, B.Comm, L.L.B., MBA, FCMA, MCIPD, AITI, was Registrar of Galway-Mayo Institute of Technology (GMIT) until his recent retirement on 31 August 2010. He started in GMIT on day one in 1972 as a lecturer in Business and was promoted to Head of Department, in 1977. He was Head of the School of Business and Humanities for nineteen years, and served as Registrar for eleven years. He had a big involvement with the Western Branch of the Institute of Personnel & Development over the years.

In September 2009 Garda Vetting of students commenced on all students who will have unsupervised access to children and/or vulnerable adults. This is the first time GMIT has undertaken this work.

The Programmatic review Reports for, Business, Hotel, Engineering, Science and Letterfrack were completed and submitted to the Governing Body in November 2009.

### Eminent economist TK Whitaker visits GMIT

Eminent Irish Civil Servant Dr TK Whitaker paid a short visit to GMIT yesterday (Thurs 3rd Sept) as a guest of the Irish Academy of Management 12th annual conference hosted by the Institute. Dr Whitaker is a former Secretary at the Department of Finance and author of the report Economic Development, which led to the 1958 First Programme for Economic Expansion that transformed the Irish economy. Dr Whitaker was presented with a Lifetime Achievement in Management Award from IAM. He attended a reception with the GMIT President and staff where he was presented with a hand-carved ornate gift box made by GMIT Letterfrack students. Dr Whitaker is pictured (centre, right) with GMIT President Marion Coy and Registrar Bernard O'Hara.



### Comhaontas idir GMIT agus Ollscoil Shíneach

Rinne GMIT comhpháirtíocht nua straitéiseach le hOllscoil Nanchang (ON). Chomhaontaigh Uachtarán GMIT Marion Coy agus Uachtarán ON an tOllamh Zhou Wenbin trí chomhchlár nua i gCuntasaíocht, Fáiltechas & Turasoireacht, agus Altranas, agus breis clár i nGnó & Cuntasaíocht, i searmanas foirmiúil sínithe sa chathair. Tá pobal neach léinn de 90,000 geall leis ag ON agus í ar cheann de na céad ollscoil is fearr sa tSin.

### Buann Mary Reid Duais an Uachtaráin don tSármhaitheas sa Teagasc

Ghnóthaigh an léachtóir sa Scoil Óstáin Mary Reid Duais Uachtarán GMIT 2009 don tSármhaitheas sa Teagasc as a cuid oibre teagaisc agus oiliúna neach léinn na n-ealaíon cócaireachta in GMIT, a bhain duaiseanna. Bhronn Uachtarán GMIT Marion Coy an duais uirthi a raibh sparánacht de €5,000 agus plaic ghloine inti ag na bronntaí céime le déanaí in Óstán Radisson Blu. Chuaigh Mary Reid le foireann na Scoile Óstáin in 1995.



### Mary Reid wins President's Award for Teaching Excellence

Hotel School lecturer Mary Reid won the 2009 GMIT President's Award for Teaching Excellence for her work teaching and training award-winning culinary arts students in GMIT. She was presented with her award, comprising a bursary of €5,000 and glass plaque, by GMIT President Marion Coy at the recent GMIT conferrings in the Radisson Blu Hotel. Mary Reid joined the Hotel School staff in 1995.

12

### Íde Ní Fhaoláin ceaptha do HETAC

Cheap an tAire Oideachais agus Eolaíochta Batt O'Keefe an Dr Íde Ní Fhaoláin, léachtóir san Eolaíocht GMIT do Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC). Is ionadaí acadúil í ar Bhord Rialaithe GMIT an Dr Ní Fhaoláin, í ina cathaoirleach ar Fhóram Comhpháirtíochta i gCoitinne GMIT, agus ionadaí TUI le fada sa choláiste. Bhí sí ar an gComhairle Acadúil ar feadh dhá théarma agus is ball í freisin de roinnt d'fóchoistí na Comhairle. Is comhlacht dámhachtaine cáilíochtaí í HETAC d'institiúidí oiliúna agus oideachais tríú leibhéal lasmuigh d'earnáil na hollscoláíochta. Leagann HETAC caighdeán síos, déanann clár a chreidiúnú, bronnann cáilíochtaí, cinntíonn go bhfuil próisis oibiachtúla rátháíochta caighdeán ann agus tugann seirbhís feabhsúcháin cáilíochta do sholáthraithe cláraithe. Trí bliana atá i dtéarma tionachta an Dr Ní Fhaoláin.

### Osclaítear céad Saotharlann Fuinnimh na hÉireann ar líne in GMIT

Osclaíodh saotharlann uathúil oiliúna fuinnimh ar líne, an chéad cheann dá leithéid in Éirinn i Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla agus Tionsclaíche. Tá giniúint fuinnimh in-athnuaite úrscothach ag an tsaotharlann agus córais scaipthe fuinnimh atá ag feidhmiú go hiomlán agus inrochtana ar líne, agus iad curtha i bhfearas le haghaidh feabhsú scileanna, oiliúna agus taighde.

### Síníonn Leitir Fraic comhaontú le institiúidí Meiriceánach

Buntáiste do Leitir Fraic as comhaontú nua malairte SA Síníodh comhaontú nua oideachais le dhá institiúid dara

### Ide Ni Fhaolain appointed to HETAC

GMIT Science lecturer, Dr Ide Ni Fhaolain, was appointed to the Higher Education and Training Awards Council (HETAC) by the Minister for Education & Science Batt O'Keefe. Dr Ni Fhaolain is the academic representative on the GMIT Governing Body, co-chair of the GMIT Common Partnership Forum, and a long-standing TUI representative in the college. She served two terms on the Academic Council and was also a member of a number of its subcommittees. HETAC is the qualifications awarding body for third-level training and education institutions outside the university sector. It sets standards, accredits programmes, awards qualifications, ensures objective quality assurance processes are in place and delivers a quality improvement service to registered educational providers. Dr Ni Fhaolain's tenure is for three years.

### Ireland's first online Energy Lab opens in GMIT

A unique online energy training laboratory, the first of its kind in Ireland, was opened in the Dept of Mechanical & Industrial Engineering. The lab has state of the art renewable energy generation and dissipation systems which are fully functional and accessible online, all geared towards upskilling, training and research.

### Letterfrack signs agreement with US Institutions

Letterfrack benefits from new US exchange agreement A new educational agreement with two third-level institutions in the US which will bring American students



leibhéal sna SA a thabharfaidh neacha léinn Meiriceánacha go Leitir Fraic ó Mheán Fómhair seo chugainn ar aghaidh chun staidéar a dhéanamh ar chlár a bhaineann le troscán agus táirgí adhmaid. Déanfaidh Virginia Tech University (VT), mór-ollscoil nuálaíoch taighde le breis is 30,000 neach léinn, agus Southern Virginia Higher Education Centre (SVHEC) malartú neach léinn Éireannacha a éascú chomh maith le baill foirme sna trí institiúid.

Tá mar aidhm ag an gcomhaontú modhanna cianfhoghlama a fhorbairt le comh-mhodúil agus cláir a sheachadadh, agus comhoibriú sa todhchaí ar thionscadail taighde ar an eolaíocht mhuirí, acmhainní nádúrtha agus an comhshaol tógtha. Beidh céimithe Leitir Fraic in ann cláir iarchéime a dhéanamh in VT.

#### Comhaontú nua oideachais Éire – Araib Shádach

Tá comhaontú sínithe ag na hinstitiúidí teicneolaíochta i nGaillimh, Baile Átha Luain agus Port Láirge le Corparáid Theicniúil Oiliúna Gairmiúla Ríocht na hAraibe Sádaí faoina rachaidh breis is 1,000 neach léinn Sádach isteach san ardoideachas in Éirinn le linn na gceithre bliana seo chugainn.

Cláróidh dhá chéad seachtó neach léinn in GMIT, AIT agus WIT i mí Meán Fómhair seo chugainn ag tús chlár foghlama ceithre bliana. Déanfaidh ochtó neach léinn an ceann freastal ar na hinstitiúidí i nGaillimh agus i bPort Láirge agus tá 110 le freastal ar Bhaile Átha Luain. I dtús báire gheobhaidh na neacha léinn teagasc sa Bhéarla ar feadh aon bhliain amháin agus ansin aistroidh siad go dtí clár L7 in innealtóireacht nó fuinneamh in-athnuaite, bogearraí, gnó, cuntasáocht, seirbhísí airgeadais agus/nó turasóireacht. Is faoi Chlár Scoláireachta an Rí Abdullah a mhaoineofar na neacha léinn.

Is bailchríoch é an comhaontú de chuid GMIT is déanaí ar ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta trí bliana le Ríocht na hAraibe Sádaí chun cabhrú le feabhsú scileanna a dhéanamh ar bhail teagaisc Shádacha.

#### Téann campas Chaisleán an Bharraigh chun glaise

Rinneadh campas glas de GMIT Caisleán an Bharraigh ó glacadh le clár píolótach an Champais Ghlais de chuid An Taisce. Tá Caisleán an Bharraigh tar éis an bille leictreachais a laghdú, chuir cosc ar chailliúint mhór teasa agus ar chur amú uisce, agus rinne níos mó athchúrsála. Tá táirgí atá cairdiúil go héiceolaíoch curtha in ionad gach táirge glantacháin. Ba é an coiste glas, a raibh Lynda Huxley ina ceann air, ba shiocair freisin le cur ar GMIT a soláthraí fuinnimh a athrú, bunaithe ar thaighde a rinne na léachtóirí Déaglán Ó Riain agus Pearse McDonnell a fuair amach gur tharla beagnach 30% d'úsáid laethúil an choláiste idir 10pm agus 8am le linn don choláiste a

to Letterfrack to study furniture and wood products related programmes from next September has been signed. Virginia Tech University (VT), a major innovative research university with over 30,000 students, and Southern Virginia Higher Education Centre (SVHEC), will also facilitate the exchange of Irish students as well as staff in the three institutions.

The agreement aims to develop distance learning modes for the delivery of joint modules and programmes, and future collaboration on research projects in marine science, natural resources and the built environment. Letterfrack graduates will also be able to study postgraduate programmes in VT.

#### New Ireland-Saudi Arabia educational agreement

The institutes of technology in Galway, Athlone and Waterford have signed an agreement with the Technical Vocational Training Corporation (TVTC) of the Kingdom of Saudi Arabia, which will see more than 1,000 Saudi students enter Irish higher education over the next four years.

Two-hundred and seventy students will register in GMIT, AIT and WIT this coming September at the start of four-year programmes of study. Eighty students each will attend the institutes in Galway and Waterford, with 110 due to attend Athlone. The students will initially undertake one year of English language tuition and then transfer to a L7 programme in either engineering, renewable energy, software, business, accounting, financial services and/or tourism. The students will be funded under the King Abdullah Scholarship Programme.

This latest GMIT agreement is the culmination of three years' international activity with the Kingdom of Saudi Arabia, to assist in upskilling Saudi teaching staff.

#### Castlebar campus goes green

GMIT Castlebar has become a green campus since signing up to An Taisce's pilot Green Campus programme. Castlebar has reduced its electricity bill, prevented significant heat loss and water wastage, and increased recycling. All cleaning products have been replaced by eco-friendly products. The green committee, led by Lynda Huxley, have also been instrumental in getting GMIT to change its energy supplier based on research carried out by lecturers Deaglán O'Riain and Pearse McDonnell who found that almost 30% of college

bheith dúnta dáiríre. Eagraíodh múchadh fuinnimh do Shos na Nollag 2008 (agus 09) a raibh mar thoradh air laghdú mór ar thomhaltas fuinnimh mí i gcomórtas le mí. “D’fhéach an bheirt léachtóirí ar an bhféidearthacht go bhféadfaí an soláthraí fuinnimh a athrú chun an bille a laghdú,” a deir Lynda Huxley. “Chuathas i dteagmháil le Airtricity agus cuireadh tairiscint uathu ar aghaidh go dtí Oifig na bhFoirgneamh GMIT agus dá bharr chuir an Institiúid an soláthar leictreachais don choláiste go léir amach le haghaidh tairisceana. Ina diaidh sin bronnadh é ar ESB IE Green Options. Tá cead tugtha dúinn ag An Taisce cur isteach ar an mBratach Ghlas.”

#### **GMIT an t-aon Institiúid ar bronnadh dhá thionscadal IRCSET uirthi**

Fuair GMIT dhá dhámhachtain chun neacha léinn iarchéime a mhaoiniú tríd an gclár IRCSET Embark Initiative. Ba í GMIT an t-aon Institiúid Teicneolaíochta a fuair dhá scoláireacht – fuair IT Chorcaigh agus IT Bhaile Átha Luain dámh amháin an ceann. Rinne na neacha léinn PhD Conor Ryan, Scoil na hEolaíochta (ar dheis) agus Ronan Finn, Scoil na hInnealtóireachta na tionscadail taighde, Conor ar an míol mór bailíneach, faoi mhaoirseacht an Dr Dave McGrath, agus Ronan taighde turgnamach ar aireaire corónach neach léinn.



#### **GMIT only Institute awarded two IRCSET projects**

GMIT received two awards to fund postgraduate students through the IRCSET Embark Initiative programme. GMIT was the only Institute of Technology to receive two scholarships - Cork IT and Limerick IT received one each. The research projects were conducted by PhD student Conor Ryan (right), School of Science, under the supervision of Dr Dave McGrath.

His project is on Baleen Whales. PhD student Ronan Finn (left), School of Engineering, carried experimental research on coronary artery students.

#### **Síníonn coláiste in Rhode Island agus GMIT comhaontú malairte**

Shínigh GMIT Meabhrán Tuisceana le Johnson & Wales University in Rhode Island sna SA tar éis gur thug Uachtarán JWU John Bowen cuairt ar champas na Gaillimhe. Le linn na bliana seo caite bhí comhchuraclam ag an dá choláiste le go dtuigfí cláir níos fearr. Rinne neacha leinn ó JWU staidéar ar chlár bhainistíochta óstáin an seimeastar seo caite agus san Earrach seo beidh cúigear neach léinn ón Scoil Óstáin ag freastal ar JWU ar chlár malairte staidéir agus oibre.

#### **An Tionscadal um Chiste Straitéiseach Nuálaíochta II (CSN)**

Is éard atá sa Tionscadal um Chiste Straitéiseach Nuálaíochta II ná dhá shnáithe ‘Foghlaim Neach Léinn-Stiúrtha’ i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus ‘Athleasú Curaclaim’ i gcomhar le NUI, Gaillimh. Go dtí seo tá deis curtha ar fáil ag an dá shnáithe sa Chlár Ceannaireachta Neacha Léinn le go rachadh neacha léinn agus baill foirne i ngleic go háirithe i dtaca le foghlaim, teagasc agus spreagadh athleasaithe curaclaim ag GMIT, AIT agus NUIG.

#### **Rhode Island college and GMIT sign new exchange agreement**

GMIT signed an MOU with Johnson & Wales University in Rhode Island, US, following a recent visit to the Galway campus by JWU President John Bowen and college staff. In the past year, both colleges have shared curriculum to allow better understand of programmes. Students from JWU studied on hotel management programmes last semester and this Spring five students from the Hotel school will attend JWU on a study and work exchange programme.

#### **Strategic Innovation Fund II (SIF) Project**

The GMIT Strategic Innovation Fund II project consists of two strands: “Student Led Learning” in collaboration with Athlone Institute of Technology and “Curriculum Reform” in collaboration with NUI, Galway. To date, both strands in the Student Leadership Programme have provided opportunities for student engagement and staff engagement particularly in relation to, learning, teaching and curriculum motivation and reform at GMIT, AIT and NUIG.

Caitheadh iarracht mhór i mbunú clár nuálaíoch a d'imir tionchar dearfach ar bhaill foirne agus ar neacha léinn agus chuidigh sé le hathrú go háirithe ar conas a dhéanfaimid cláir a dheardh agus a chur i bhfeidhm agus ar conas tacú le neacha léinn ina gcuid foghlama. Ar thorthaí an tionscadail do 2009-2010 tá eiseamláirí, cláir agus scothchleachtas a bhféadfadh institiúidí ardoideachais eile glacadh leo in Éirinn agus iad a bheith cuimsithe i bpolasaithe institiúide agus i straitéisí foghlama agus teagaisc.

Spreag na comhpháirtíochtaí rathúla atá bunaithe idir GMIT, AIT agus NUIG nuálaíocht agus athrú, forbairt táscairí tagarmharcála agus glacadh le polasaithe agus modheolaíochtaí a rachaidh chun leasa do bhainteacht foirne agus neach léinn sa bhfadtearma.

Chomh maith leis sin cuireadh roinnt páipéar taighde agus tuairiscí acadúla ar thorthaí na dtionscnamh sin go dáta i láthair ag comhdhálacha agus institiúidí ardoideachais in Éirinn agus go hidirnáisiúnta agus foilseofar cuid díobh in irisí náisiúnta agus idirnáisiúnta piara-léirmheasta.

Ar thorthaí na gclár foghlama neach léinn-stiúrtha agus athleasaithe curaclaim go dtí seo tá: Clár Foghlama Piara-Chuidithe (PAL) chun tacú le heispéaras na chéad bhliana; modúl Ceannaireachta PAL; modúl ar Bhainteacht leis an bPobal agus sraith straitéisí seirbhíse foghlama; modúl forbartha scileanna foghlama ag an 3ú leibhéal dar teideal L2L; modúl RPL; Bainisteoir Modúil Acadúil, Córas MIS; Suirbhé Institiúide ar Eispéaras Foghlama Neacha Léinn; raon de thionscadail chinnteoireachta neacha léinn; teicneolaíochtaí foghlama don seomra ranga; agus tionscnaimh eile chun an scothchleachtas i bhfoghlaim, teagasc agus measúnú a forbairt. Cuirfidh torthaí an tionscadail CSN seo le feidhmíocht GMIT agus institiúidí páirtneireachta agus imreoidh tionchar ar fhorbairtí sa todhcháil san ardoideachas in Éirinn. Is éard atá i gceist leis na tionscadail agus na torthaí atá bainte amach go dtí seo agus na chéad chéimeanna eile chun na cláir nua a chuimsiú agus a chothú sa bhfadtearma ná: comhoibriú leanúnach le comhpháirtithe institiúide ardoideachais in Éirinn agus thar saíle; agus ionad nua a chur ar bun don fhoghlaim agus don teagasc in GMIT chun tacú le torthaí na gclár foghlama neach léinn-stiúrtha agus athleasaithe curaclaim.

Gan tacaíocht airgeadais ón ÚAO agus tacaíocht na neach léinn, na foirne agus na bainistíochta i ngach institiúid atá bainteach leis ní fhéadfaí dul chun cinn a dhéanamh ar chur i ngníomh na dtionscadal foghlama neach léinn-stiúrtha agus athleasaithe curaclaim go léir

Considerable effort has been invested in setting up a number of innovative programmes which have had a positive impact on staff and students and has informed change particularly in relation to how we design and implement programmes and support students in their learning. The project outputs for 2009-2010 include models, programmes and best practice, which could be adopted by other higher education institutes in Ireland and become embedded in institution policies and learning and teaching strategies.

I gcomhar le IiBC Chaisleán an Bharraigh, cuireadh tús le Clár SME Start-Up Support in 2010 le 8 rannpháirtí. Rinne dhá thionscadal: Irish Organic Weedkiller agus Compleat Travel Essentials forbairt ar fhiailnimh nádúrtha agus pacáí taistil fireanna/baineanna faoi seach. Ghnóthaigh Irish Organic Weedkiller an Galway JCI Entrepreneur of the Year Award agus anois is cliant é de chuid Fhiontar Éireann agus saoráidí táirgíochta nua aige i mBaile Chláir na Gaillimhe. Tá díolacháin rathúla bainte amach cheana féin ag an dá chuideachta.

De na 19 iarrthóir, roghnaigh coiste neamhspleách fiontraíochta 7 dtionscadal (5 in IiBC na Gaillimhe agus 2 in IiBC Chaisleán an Bharraigh) don Chlár nua Fiontraíochta Iarchéime. Rinne Farmfeeder ach go háirithe an-dul chun cinn le trí fhréamhshamlacha agus táirge beathaitheora eachaí atá sna céimenna deiridh forbartha agus bailíochtaithe margaidh.

D'éirigh líon na neach léinn iarchéime GMIT atá i ngleic le T & F le cliant-chuideachtaí san IiBC go dtí seachtar. Is neacha léinn cúigear díobh sin ón MBS i Straitéis & Nuálaíocht a raibh baint acu le tionscail ghnó agus taighde le cliant. Tá fostaíocht faighte ag duine díobh le Tradecert.

Fuair eMedia an chuid ab fhéarr i gcomórtas láidir as 140 iomaitheoir in 32 tír Eorpach agus é ar cheann de 9 iomaitheoir sa chraobhchomórtas in MEDEA na hEorpa (Meáin san Oideachas) 2010 agus ghnóthaigh iarratas IRCSET do neacha léinn máistir chun tacú le tuilleadh forbartha ar gcuid teicneolaíochta rfhoghlama. Ghnóthaigh iarchliant Active Mind Fiontraí na Bliana ag na Duaiseanna SCCUL agus bhain an chéad duais de €10,000. Tá beirt neach léinn GMIT ag an gcuideachta freisin agus iad gafa le forbairt fréamhshamlacha. Aistríodh NORTEV gan deacracht go dtí saoráid i bPáirc Ghnó Bhaile Chláir na Gaillimhe, áit a dtáirgeann siad táirge néalaitheora le haghaidh capall foláíochta, ar a dtugtar 'Flexineb'. Chuir sé tionscadal deontais EI Dearbhán Nuálaíochta agus EI Indéantachta i gcrích le GMIT. D'oibrigh triúr neach léinn ar na fréamhshamlacha agus tá beirt díobh fostaite anois ag an gcuideachta.

Sa deireadh, d'fhorbair IiBC na Gaillimhe agus IiBC Chaisleán an Bharraigh leathanach uathúil Facebook IiBC chun cur lena láithreachta ar líne agus glacadh le margáíocht na meán sóisialta.

### IiBC Chaisleán an Bharraigh

Tharla méadú ar líon na seachghnólachtaí rathúla ó bunaíodh é go 5. Is iad sin: MS Software, Cara International, EBSS, Inspire Learning agus Whitethorn Media. Is é líon na bhfostaithe i bhfiontar ná 44 (27 tionscnóir agus 17 fostaí). Tháinig méadú ar áitíocht le linn na tréimhse go 15 fiontar ar a n-áirítear: 5 cliant san aonad goir, ba chliant fhíriúil/chianchliant iad 5 cliant deisce coincheapa. Ba é an

Snap2Travel from the previous 2009 MWEP programme, has been successful in funding and developed an application that brings brochures and catalogues to life. Together with IiBC Castlebar, an SME Start-Up Support Programme was initiated in 2010 with 8 selected participants. Two projects: Irish Organic Weedkiller and Compleat Travel Essentials have developed a natural weed killer and male/female travel packs respectively. The Irish organic Weedkiller won a the Galway JCI Entrepreneur of the Year Award and is now an Enterprise Ireland client with new production facilities in Claregalway. Both companies have already achieved successful sales.

Of 19 applicants, 7 projects (5 in IiBC Galway and 2 in IiBC Castlebar) were selected by an independent entrepreneurial committee for the new Graduate Entrepreneurship Programme. FarmFeeder in particular has made marked progress with three prototypes and an equine feeder product in the final stages of development and market validation.

The number of GMIT post graduate students engaged in R&D with client companies in the IiBC rose to seven. Five of these are students from the MBS in Strategy & Innovation who were involved in business and research projects with clients. One of these has secured employment with Tradecert.

eMEDIA beat off stiff competition from 140 competitors in 32 European countries to be one of 9 finalists in the European MEDEA (Media in Education) 2010 and won an IRCSET application for a masters student to support further development of their e-learning technology. Former client Active Mind won the Entrepreneur of the year at the SCCUL Awards, scooping a €10,000 first prize. The company also has two GMIT students engaged in supporting prototype development. NORTEV has successfully transitioned to a facility in Claregalway Business Park, where they produce a nebulizer product for thoroughbred racehorses, called "Flexineb". It completed an EI Innovation Voucher and EI Feasibility grant project with GMIT. Three students worked on the prototypes, two of which are now employed by the company.

Lastly, IiBC Galway and Castlebar developed a unique IiBC Facebook page to augment its online presence and embrace social media marketing.

### IiBC, Castlebar

The number of successful spinouts realised since founding has risen to 5. These are: MS Software, Cara International, EBSS, Inspire Learning and Whitethorn Media. Employment numbers in enterprises is 44 (27 promoters and 17 employees). Occupancy increased

lárionad sin an chéad cheann i measc lárionaid ghoir IOT chun ceannródaíocht a dhéanamh ar tháirge nua cliant fhíriúil (cianchliant) anuraidh. Tá líon na gcliant sin méadaithe go 5.

Thacaigh an lárionad le grúpa breise MWEP de 5 fiontraithe rud a neartaigh clú an lárionaid mar mhol fiontraíochta agus nuálaíochta sa chontae. Faigheann an grúpa tacaíocht thiomnaithe gnó, meantóireacht bainistíochta agus ceardlanna dírithe ar phleananna láidre gnó a fhorbairt in aeráid nuálaíoch. Is píblíne thábhachtach é an MWEP le haghaidh iarrthóirí le hard-acmhainn Fiontar Éireann agus ard-dóchúlacht go bhfásfaidís laistigh den lárionad chun aonaid ghoir a líonadh. Mar ábhar spéise, de na 3 chuideachta ard-acmhainne tosaithe i Maigh Eo in 2009, bhí dhá cheann díobh suite san IiBC, rud a léiríonn tábhacht an lárionaid don eacnamaíocht CLISTE.

Rinneadh píolótú ar Chlár Tacaíochta Tosaithe SME in Aibreán 2010 ag an Lárionad Nuálaíochta i nGnó i gCaisleán an Bharraigh do mhicreafhiontair mar fhreagra ar an ngná a sainathnódh le tacaíochtaí struchtúrtha a chur ar fáil d'fhiontraithe agus ghnólachtaí tuath-bhunaithe atá i mbun tosaithe. Cuimsíonn an clár ceardlanna tiomnaithe agus meantóireacht duine-le-duine. Thacaigh Cuideachta Forbartha Mhaigh Eo Thiar Theas agus Clár Comhpháirtíochta Mhaigh Eo Thoir Thuaidh leis an tionscnamh. Roghnaíodh ochtar iarratasóirí le bheith páirteach ann.

Tar éis iarratas a fháil ó GMIT, síníodh Meabhrán Tuisceana idir GMIT agus Cumann Tráchtála Chaisleán an Bharraigh a raibh mar aidhm aige staidéar indéantachta a bhunú féachaint an bhféadfaí lárionad Eolais a bhí beartaithe don bhaile a chomhtháthú ag suíomh IiBC. Thabharfadh forbairt dá leithéid don lárionad an bharrainneacht scála agus an acmhainn le tacú leis mar phríomh-mhol fiontraíochta i gCo. Mhaigh Eo agus sa réigiún.

Comhtháthaíonn an lárionad le gníomhaíochtaí fochéime agus iarchéime GMIT ar a n-áirítear bainistíú Duaiseanna Fiontair Neacha Léinn ó 2006 i leith. Cuireann an lárionad fostaíocht tharraingteach ardeicneolaíochta ar fáil do na neacha léinn reatha le cliant-chuideachtaí ar nós Oddjobgiant agus DESTinE. Fuair cliant-chuideachtaí IiBC 4 dhearbhan conartha taighde nuálaíochta, agus chuir GMIT trí cinn díobh i gcrích.

Cuireadh roinnt imeachtaí líonraithe ar siúl le linn na bliana ar a n-áirítear “Spirit Entrepreneurship”, an Fhéile Eolaíochta agus Teicneolaíochta do neacha léinn Bunscoile agus Meánscoile, Ócáid Chlub Líonraithe Caife Mhaigh Eo agus Women’s Entrepreneur Network (WEN).

during the period to 15 enterprises including: 5 incubation unit clients, 5 concept desk clients were 5 virtual/remote clients The centre was the first among IOT incubation centres to pioneer a new virtual (remote) client product last year. The number of these clients has been increased to 5.

An additional MWEP group of 5 entrepreneurs was supported by the centre consolidating the reputation of the centre as a hub of entrepreneurship and innovation in the county. The group obtains dedicated business supports, manager mentoring and focused workshops on the development of sound business plans in an innovative climate. The MWEP forms an important pipeline for candidates with strong Enterprise Ireland HPSU potential and a high probability to grow within the centre to occupy incubation units. Significantly, of the 3 HPSU companies in Mayo in 2009, 2 were located at the IiBC underlying the centre’s significance to the SMART economy.

A 4-month SME Start-Up Support Programme was piloted in April 2010 by the Innovation in Business Centre in Castlebar for microenterprises in response to an identified need to provide rurally based entrepreneurs and fledgling businesses with structured supports. The programme combines dedicated work-shops and one-to-one mentoring. South West Mayo Development Company and Mayo North East Partnership Programme supported the initiative. Eight applicants were selected to participate. After an approach by GMIT, an MOU was signed between GMIT and the Castlebar Chamber with the aim of establishing through a feasibility study the potential to integrate a planned Knowledge centre for the town at the IiBC location. Such a development would give the centre the economy of scale and scope to support it as the main entrepreneurial hub in Mayo and the region.

The centre integrates with GMIT undergraduate and postgraduate activities including the management of the Student Enterprise Awards since 2006. The centre provides attractive high-tech employment to current students with client companies such as Oddjobgiant and DESTinE. IiBC client companies obtained 4 contract-research innovation vouchers, 3 of these were completed by GMIT.

A number of networking events were conducted during the year including “Spirit of Entrepreneurship”, setting up the Science and Tech Festival in Mayo for Primary and Secondary School students, the Mayo Open Coffee Club Networking Event and the Women’s Entrepreneur Network (WEN).

## Foirgnimh & Eastáit

### Dul chun cinn ar sheacht dTionscadal Caipitil

Tionscadal 1: Tionscadal nua Leathnaithe na Sráide ar Champas na Gaillimhe

Luach tógála c. €3.25m, costas iomlán an tionscadail c. €4m.

Leanadh de chéim 2 den tógáil le linn samradh 2009 agus cuireadh an tionscadal i gcrích go rathúil agus osclaíodh é lena úsáid ar 7 Meán Fómhair 2009. Bhí GMIT an-sásta le seachadadh an tionscadail seo laistigh den scála ama srianta ó Mheitheamh 2009 go dtí Meán Fómhair 2009 a bhí ceadaithe. Ba é an conraitheoir tógála JSL, Gaillimh agus bhí an fhoireann dearaidh faoi stiúir Coady Partnership Architects, Baile Átha Cliath.

**Tionscadal 2: An síneadh don Spás Taighde Mhuirí a bhí á mhaoiniú ag ÚAO, atá suite ar an gcéad urlár sa chúinne thoir thuaidh de Champas na Gaillimhe.** Costas tógála c. €1.1m.

Costas Iomlán an Tionscadail c. €1.5m. Cuireadh an tionscadal i gcrích go rathúil agus osclaíodh é le haghaidh úsáide i Meán Fómhair 2009. Bhí an fhoireann tógála á stiúradh ag JJ Rhatigan Limited, Gaillimh agus bhí an fhoireann dearaidh á stiúradh ag Michael J Walshe & Associates, Baile Átha Cliath.

### Tionscadal 3: Foirgneamh na Neach Léinn

Buiséad iomlán don tionscadal c.€5.75m. Táthar ag brath achar iomlán de c. 2,000mcr i dtionscadal nua tógála atá beartaithe don chúinne thiar thuaidh de shuíomh theas an champais, a mbeidh cuimsithe ann go príomha halla spóirt ar féidir a úsáid mar lárionad ilfhóinteach le haghaidh bronntaí céimeanna agus ócáidí eile, maraon le seomraí taca agus saoráidí ina thimpeall ar a n-áirítear saoráidí athraithe éadaí, oifigí, achar tionóil forhalla caifé agus seomra meáchana/giomnásiam. Beidh sinéirge ann leis an tsaoráid athraithe atá ann faoi lathair agus leis an bpáirc imeartha uileaimsire ar an gcampas theas ar chríochnú dó. Bhí comórtas le haghaidh fhoireann dearaidh ar siúl le linn 2009 agus isteach in 2010. Cuireadh líon iarratas as an gcoitiantacht isteach ar na 5 phost san fhoireann dearaidh agus, lena chinntiú go gcaithfí go cothrom leis na hiarratasóirí uile, caitheadh am suntasach ar an bpróiseas gearrliostaithe.

## Buildings & Estates

### Progress on seven Capital Projects

Project 1; the new Street Widening Project on the Galway Campus

Construction value c. €3.25M, total project cost c. €4M. Phase 2 construction was ongoing during summer 2009 and the project was successfully completed and opened for use on the 7th September 2009. GMIT was very satisfied with the delivery of this project within the restricted timeframe allowed of June 2009 through to early September 2009. The building contractor was JSL, Galway and the design team was led by Coady Partnership Architects, Dublin.

**Project 2; The HEA funded extension to Marine Research Space, located on the first floor in the north eastern corner of the Galway Campus.** Construction cost c.

€1.1M. Total Project cost c. €1.5M. This project was successfully completed and opened for use in September 2009. The construction team was led by JJ Rhatigan Limited, Galway and the design team was led by Michael J Walshe & Associates, Dublin.

### Project 3; Student Building

Total project budget c. €5.75M. Total area envisaged c. 2,000sqm in new build construction, project is being proposed for the north western corner of the southern campus site, to comprise primarily a sports hall which can be used as a multi purpose centre for conferring and events, with support rooms and facilities around same including changing facilities, offices, a café foyer assembly area and a weights room/gymnasium. There will be a synergy with the existing changing facility and the proposed all weather playing field on the southern campus upon completion. Design team competition was underway during 2009 through to 2010. There was a record number of applications for the 5 design team positions and to ensure parity of treatment of all applicants significant time was expended in the short listing process.



#### **Tionscadal 4: Oibreacha Bonneagair agus Feabhsúcháin Chaisleán an Bharraigh**

Maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Buiséad iomlán don tionscadal c. €0.35m

Cuireadh tús le tógáil an tionscadail seo i Meán Fómhair 2009 ar mhearchlár tógála agus baineadh críoch praiticiúil amach dhá mhí ina dhiaidh sin. Ba é a bhí i gceist leis cuíchóiríú charrchlóis shealadaigh ar chúl Champas Chaisleán an Bharraigh agus mór-thírdhréachtú nua bog agus cruca don chlaifort ar gcúl agus deiciúcháin agus leasúcháin don raon reatha. Bhí an fhoireann dearaidh faoi stiúir ag Taylor Architects, Caisleán an Bharraigh. Bhí an fhoireann tógála á stiúradh ag Glenman Construction, Gaillimh.

#### **Tionscadal 5: Oibreacha Cumasaithe chun Tacú le tionscadal Fhoirgneamh na hInnealtóireachta atá maoinithe ag an ROE dar luach c.0.3m**

Bhí cruinnithe ar siúl le CCG d'fhonn an costas breise a bhain le séarach cathartha ar Bhóthar Bhaile Locháin a uasghrádú. Cuireadh i gcrích é i samhradh 2010 le díothú an chostais bhreise seo go hiomlán agus ullmhaíodh an tionscadal le haghaidh tairisceana go déanach in 2010.

#### **Tionscadal 6: Síneadh ar bhuiséad thionscadal na Seirbhísí Neacha Léinn c. €1.6m.**

Tugadh tosaíocht 2 don síneadh ar na Seirbhísí Neacha Léinn atá ann faoi láthair go dtí an Foirgneamh Neacha Léinn nua agus le linn 2009 ba í an chomhairle dlí ná nár mhiste idirbheartú a dhéanamh leis an ailtire a dhear an Foirgneamh Seirbhísí Neacha Léinn, a bhí ar scála níos mó, agus a cuireadh ar ceal le go mbeadh sé ina phríomh-shainchomhairleoir ar an síneadh, ar scála níos lú, ar na Seirbhísí Neacha Léinn atá ann. Ach de réir na comhairle dlí ba ghá comórtas nua a bheith ann do bhaill na foirne tacaíochta dearaidh freisin.

#### **Tionscadal 7: Athghníomhachtú na Scoile Innealtóireachta CPP i mí na Nollag 2009 ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an Ghníomhaireacht Náisiúnta Airgeadais Forbartha.**

An foirgneamh agus an trealamh a bhfuil achar measta de 6,500mcr ag an bhfoirgneamh agus costas measta de thart ar € 26m ag baint leis le bheith suite ar an gcampas theas. Bhí cruinnithe forchéimnitheacha ar siúl idir NDFA, a gcuid comhairleoirí Mott MacDonald agus ionadaithe de chuid GMIT ón Roinn Foirgneamh & Eastát agus Scoil na hInnealtóireachta le linn 2010 chun dearadh agus doiciméadú tairisceana a chur chun cinn chomh maith le suirbhéanna topagrafacha, pleananna bainistithe soghluaisteachta a chur chun cinn agus chun cead pleanála imlíneach a fháil don fhoirgneamh áirithe seo.

#### **Project 4; Castlebar Infrastructure and Improvement Works**

Department of Education and Science funded. Total project budget c. €0.35M

This project commenced construction in September 2009, on a fast track programme and obtained practical completion 2 months later. It involved the rationalisation of a temporary car park to the rear of the Castlebar Campus and extensive new soft and hard landscaping to the rear embankment and repairs and remediation to the running track. The design team was led by Taylor Architects, Castlebar. The construction team was led by Glenman Construction, Galway.

#### **Project 5 :Enabling Works to support the Engineering Building DES funded project value circa 0.3 m e**

Meetings took place with GCC to reduce the extra cost of upgrading the municipal sewer in the Ballyloughaun Road. This concluded in summer 2010 with the full elimination of this extra cost and the project was prepared for tender in late 2010.

#### **Project 6 ;Extension of existing Student Services project budget c. €1.6M.**

The extension of the existing Student Services was given priority 2 to the new Student Building and during 2009 legal advice was such that it was in order to negotiate with the architect who designed the larger scale and cancelled Student Services Building to be the lead consultant on the smaller scale extension of the existing Student Services, but legal advice also stated that a new competition was required for the support design team members.

#### **Project 7; Engineering School PPP reactivated in December 2009 by the Department of Education and Skills and the National Development Finance Agency.**

The building and equipment estimated project estimated cost of the 6,500sqm new building, to be located on the southern campus, is in the order of €26M. -progressive meetings took place between the NDFA, their advisers Mott MacDonald and GMIT representatives from the Buildings & Estates Department and the Engineering School during 2010 to progress, design and tender documentation as well as topographical surveys, mobility management plans and to secure outline planning permission for this particular building.



**Oibreacha Eile: Mionoibreacha, Bainistiú Saoráidí agus Saincheisteanna Oibríochtúla, Bainistiú agus Rialú Páirceáil Carranna: caiteachas iomlán c. €2.2m**

Athraíodh Seomra 509 atá cóngarach d'achar an cheaintín agus do Chearnóg an Aontais ar Champas na Gaillimhe le linn samhradh 2010 ina sheomra mór caitheamh aimsire do neacha léinn. In éineacht leis sin, athraíodh Seomra 347 le linn samhradh 2010 ina sheomra réidhchothrom scrúdaithe le haghaidh úsáide ag neach léinn agus ball foirne.

**Tionscadal Tuirbín Gaoithe ag Campas na Gaillimhe:** fuarthas cinneadh fabhrach pleanála chun an tuirbín gaoithe seo a shuiteáil go luath in 2010.

Ar na mionoibreacha tógála eile a rinneadh sna 4 champas le linn 2009/2010 bhí uasghrádaithe suntasacha ar an Amharclann Taispeántais sa Scoil Óstáin ar Champas na Gaillimhe.

Rinneadh infheistíocht i gCampas Chluain Mhuire ar a n-áirítear feabhsúcháin ar an talamh, feabhsúcháin ar mhaisiúcháin, feabhsúcháin ar fhabraic agus feabhsúcháin ar an leagan amach.

Rinneadh bonneagar do ghás nádúrtha a shuiteáil chun feidhmíocht ó thaobh fuinnimh de a fheabhsú ag Campas Chaisleán an Bharraigh agus ag Campas na Gaillimhe.

Athsholáthar leanúnach, deisiúcháin agus athchóiriú seomraí ranga agus saotharlanna sna campais go léir a chuimsigh urlárach, bailchríocha síleála, suíocháin, péinteáil, cóiriú fuinneog, aerú agus rí.

**Uasghráduithe leanúnacha ar aláirín dóiteáin agus aláirín ionraidh i ngach campas.**

Feabhsúcháin ilfhoirgnimh ar chúrsaí leictreachais, pluiméireachta, téimh agus aeraithe agus oibreacha athchóirithe i ngach campas.

Uasghrádú ar fhuarú don phríomhsheomra seirbheálaí ag Campas na Gaillimhe chun ligean dó feidhmiú níos éifeachtaí le linn teochtaí níos airde.

Rinneadh uasghrádú ar fhabraic sheachtrach an fhoirgnimh do Theach Mhuirbhígh le linn samhradh 2010.

**Carrpháirceáil – gach campas**

Le linn 2009/2010 cuireadh córas nua carrpháirceála i ngníomh agus cuireadh i bhfeidhm go hiomlán é in 2010 le córas ceadúnais don fhoireann agus do na neacha léinn chomh maith le limistéir íoc agus taispeáin. Ullmháíodh doiciméad tairisceana seachtraí chun seirbhísí a fháil ó sholáthraí seirbhís sheachtrach páirceála agus ghnóthaigh APCOA an comórtas áirithe sin. Chiaillaigh an t-airgead a fuarthas ó Íoc & Taispeáin agus trí chlompáil go raibh an obair a rinneadh chun feabhas a chur ar na socruithe carrpháirceála neodrach ó thaobh ioncain de do GMIT sa deireadh.

**Other Works; Minor Works, Facilities Management and Operational Issues, Car Parking Management and Control; total expenditure circa 2.2 m e**

Room 509 adjacent the canteen and Union Square areas on the Galway Campus was converted during summer 2010 to a large recreation room for students. In tandem with this, Room 347 was converted during summer 2010 into a flat exam room for student and staff use.

**Wind Turbine Project at the Galway Campus;** a favourable planning decision was obtained to install this wind turbine during early 2010.

Other minor building projects which took place across the 4 campuses during 2009/2010 included a significant upgrade to the Demonstration Theatre in the Hotel School on the Galway campus

An investment in the Cluain Mhuire Campus including grounds improvements, decoration improvements, fabric improvements and layout improvements

The installation of natural gas infrastructure to improve energy performance at the Castlebar Campus and the Galway Campus

Continuous ongoing replacement, repair and refurbishment of classrooms and laboratories across all campuses to include flooring , ceiling finishes, seating , painting , fenestration, ventilation etc

**Ongoing upgrades to fire alarm and intruder alarm across all campuses**

Multi building, electrical, plumbing, heating and ventilation improvements and refurbishment works across all campuses.

An upgrade to the main server room cooling at the Galway Campus to allow it perform more effectively and efficiently during higher temperatures.

An upgrade of the external building fabric of Murrrough House was undertaken in summer 2010

**Car parking – all campuses**

During 2009/2010 a new car parking system was implemented and became fully operational in 2010 with a permit system for staff and students as well as a Pay & Display area. An external tender document was prepared to procure the services of an external parking service provider and APCOA won this particular competition. The funds raised through the Pay & Display and through clamping meant that the work which was carried out to improve the car parking arrangements ended up revenue neutral for GMIT.

I rith 2010 tharla idirbheartaíocht leanúnach le Cumann Rugbaí Galwegians a raibh comhaontú mar thoradh uirthi idir GMIT agus Cumann Rugbaí Galwegians ligean do lucht GMIT úsáid a bhaint as ionad Galwegians le linn na bliana acadúla agus le linn na seachtaine acadúla ó 8:00am-6:00pm Luan go hAoine. Maoiníodh an costas a bhaineann leis as ioncam a fuarthas ón gcóras páirceála.

Tugadh an teimpléad dearaidh do Chaisleán an Bharraigh freisin agus an polasaí páirceála agus an doiciméadú tairisceana páirceála a bhí ullmhaithe ag an bhfoireann Foirgneamh & Eastát agus comhairliúchán le grúpaí úsáideoirí do Champas na Gaillimhe lena n-úsáid, agus le linn an tsamhraidh 2010 fuarthas tairiscintí carrpháirceála do Champas Chaisleán an Bharraigh.

Sábháilteacht: Tharla ionchur leanúnach ón Oifigeach Sláinte & Sábháilteachta i ngach roinn agus gach campas i rith na bliana acadúla Meán Fómhair 2009 go Meán Fómhair 2010. Bhí i gceist leis cabhair le measúnaithe riosca, seiceáil conraitheoirí agus soláthraithe, oiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne, oiliúint a sholáthar don bhainistíocht. Cuireadh oiliúint maidir leis na himpleachtaí sábháilteachta a bhaineann le trealamh a sholáthar agus a shuiteáil i bhfeidhm sna ranna uile agus tá polasaí agus ráiteas sábháilteachta atá á gcoinneáil ag an Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta á n-uasghrádú go leanúnach de réir mar is gá.

Stádas Conartha Fuinnimh: mar thoradh ar chomórtas ag iarraidh ar sholáthraithe seirbhíse fuinnimh tairiscint a chur isteach do ghnó GMIT, bronnadh an Conradh ar ESB Independent Energy Company go déanach in 2009 tar éis ullmhú tairisceana, próiseas tairisceana, tairiscint, measúnú agus próiseas agallaimh. Agus í ag tacú leis an éiteas glas fuinnimh a bhfuil an Rialtas sa tóir air, ghlac GMIT leis go mbeadh a cuid leictreachais á sholáthar as foinsí atá deimhnithe le bheith ina bhfoinsí in-athnuaite. Deimhníonn ESB Independent Energy gur as foinsí in-athnuaite amhail fuinnimh gaoithe, uisce agus gréine a thagann na huaireanta Kilowatt go léir a úsáideann GMIT. D'íoc GMIT biseach beag as a cuid leictreachais chun tacú le fuinneamh leictreach as foinsí in-athnuaite.

#### Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh ag Campas Bhóthar Bhaile Átha Cliath Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo in 2010.

Is institiúid oideachais tríú leibhéal í Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo. Tá achar iomlán urláir de thart ar 34,500 m<sup>2</sup> ag Campas na Gaillimhe. Chomh maith le foirgnimh a chríochnaíodh in 1972, 1976 agus 1992, críochnaíodh Foirgneamh Leabharlainne/TF/Airgeadais (10,000 m<sup>2</sup>) a chuimsíonn fuarú/aerú saor in 2003.

During summer 2010 ongoing negotiations took place with Galwegians Rugby Football Club which resulted in agreement between GMIT and Galwegians Rugby Football Club, to allow GMIT patrons use Galwegians during the academic year and during the academic week from 8:00am-6:00pm Monday to Friday. Cost of same was funded from revenue raised by the parking system.

Also at Castlebar the design template, the parking policy and the parking tender documentation that were prepared by the Buildings & Estates team and consultation with other user groups for the Galway Campus were passed to Castlebar for their use and during summer 2010 car parking tenders were obtained for the Castlebar Campus.

Safety; ongoing input from the Health & Safety Officer across all departments and all campuses, took place during the academic year September 2009 through September 2010. This involved assistance with risk assessments, vetting of contractors and suppliers, providing training for staff, providing training for management, training on the safety implications of procuring and installing equipment was rolled out across all departments and a safety policy and statement which is being retained by the Health & Safety Officer is being continually updated as required.

Energy Contract Status; following a competition inviting electrical energy service providers to bid for GMIT's business, ESB Independent Energy company was awarded the contract in late 2009 following a tender preparation, tender process, bid, assessment and interview process. GMIT, in support of the green energy ethos being pursued by Government, signed up to have its electricity supplied from sources which are certified to be from renewable sources. ESB Independent Energy certifies that all the kilowatt hours used by GMIT in its electricity usage come from renewable sources such as wind, water and solar. GMIT paid a small premium on its electricity to support the electrical energy from renewable sources.

#### Overview of Energy Usage Galway Mayo Institute of Technology Dublin Road Campus in 2010.

Galway Mayo Institute of Technology (GMIT) is a third level educational institute. The Galway campus has a total floor area of approximately 34,500 m<sup>2</sup>. In addition to buildings completed in 1972, 1976 and 1992 a Library/ IT / Finance Building (10,000 m<sup>2</sup>) incorporating free cooling / ventilation was completed in 2003.

Is iad leictreachas, gás ola agus GPL na príomhbhreoslaí a úsáidtear ar an suíomh. Ar na seirbhísí tá spástéamh, cumhacht oifige agus ginearálta, soilsiú, seirbhísí uisce the, ceaintín agus seirbhísí níocháin.

In 2010 d'ídigh GMIT 5,930MWh d'fhuinneamh a raibh i gceist leis:

- 3,269 MWh de leictreachas: 56%
- 2,210 MWh d'ola: 37%
- 451 MWh de gás gpl: 7%

Is iad na híditheoirí príomha d'fhuinnimh leictrigh ná soilsiú 43%, cumhacht ghluaisneach, TF agus ginearálta 42%, teas leictreach 10% agus níochán 5%. Is iad na híditheoirí príomha teirmeacha ná spástéamh 81%, seirbhísí uisce the 12.5% agus ginearálta 6.5%. Is gnáthchóimheasa iad sin d'Institiúidí Teicneolaíochta Tríú Leibhéal.

Tá saorchóras fuaraithe/aeraithe, a ghnóthaigh duais, ag an bhFoirgneamh Leabharlainne/TF/Airgeadais don leabharlann a bhfuil 30,000 méadar ciúbach de thoirt inti agus tá athghabháil dramhtheasa á chur ar fáil ag rialú inathraithe luais a sholáthraíonn dhá aonad mhóra láimhseála aeir. Soláthraíonn córas Cylon BEMS rialú cuimsitheach don fhoirgneamh seo. Ó 2008 go 2010, tá tomhaltas na cumhachta leictre ag GMIT laghdaithe de 935 MWh nó, lena rá ar bhealach eile, laghdú de 22% ar an bhfuinneamh leictreach bliantúil, ar fiú 120k é de réir praghsanna 2010.

### Gníomhaíochtaí in 2010

In 2010 thug GMIT faoi raon tionscnamh d'fhonn feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh, ar a n-áirítear:

- Rialaitheoirí Neamhghníomhacha Soilsithe Infridearga Braiteora Gluaisne suiteáilte sna dorchlaí – a raibh mar thoradh orthu coigilteas de 50% ar an ualach soilsithe dorchla, tá Rialaitheoir PIR suiteáilte ag 50% de na dorchlaí agus mar thoradh coigilteas bliantúil de 55 MWh.
- Comhlaí Teirmeastataice Radaitheora suiteáilte ar théamhchiorcaid agus 268 MWh de choigilteas bliantúil mar thoradh.
- Athsholáthar déanta in ionad téimh leictrigh le fad a chur leis an gciocard lphw isteach sna limistéir oifige plean oscailte/seanleabharlainne agus deireadh á chur le téiteoirí radanta leictreacha a bhfuil mar thoradh air laghdú de 7.2 MWh i gcumhacht leictreach.
- Saor-Fhuarú ar an limistéar plean oscailte TF Ilmheán trí úsáid a bhaint as aerú meicniúil agus 50 MWh de choigilteas ar fhuarú ar feadh 6 mhí sa bhliain mar thoradh air.
- Tiontú go coirí ard-éifeachta ola le haghaidh spástéamh seomraí réamhdhéanta agus an éifeachtacht a fheabhsú ó 70% go 92%.
- Tiontú ó ola go gás nádúrtha le thart ar 33% den fhoirgneamh a théamh. Na dóirí a uasghrádú chun éifeachtacht a mhéadú agus astaíocht CO<sub>2</sub> a laghdú.

Electricity, gasoil, and LPG are the main fuels used on site. Services include: space heating, general and office power, lighting, hot-water services (HWS), canteen, and laundry services.

In 2010 GMIT consumed 5,930 MWh of energy, consisting of:

- 3,269 MWh of electricity; 56%
- 2,210 MWh of oil; 37%
- 451 MWh of lpg gas; 7%

The primary electrical energy consumers are lighting 43%, motive, IT related and general power 42%, electro-heat 10% and laundry 5%. The primary thermal energy consumers are space heating 81%, hot water services 12.5% and general 6.5%. These are typical ratios for Third Level Institutes.

The Library/ IT / Finance Building has an award winning free cooling / ventilation system for the 30,000 cubic metre volume library and waste heat recovery with variable speed control is provided for two large air handling units. A Cylon BEMS system provides comprehensive control for this building.

From 2008 to 2010 the electrical power consumption at GMIT has been reduced by 935 MWh, in other words a 22% reduction in the annual electrical energy, worth 120k at 2010 prices.

### Actions Undertaken in 2010

In 2010 GMIT undertook a range of initiatives to improve energy performance, including:

- Passive Infrared Motion Sensor Lighting Controls installed in corridors - which resulted in saving 50% of the corridor lighting load, 50% of corridors have PIR Controls installed resulting in 55 MWh of annual savings.
- Thermostatic Rad Valves (TRV) installation on heating circuits which resulted in 268MWh of annual savings
- Replaced Electrical Heating by extending the lphw circuit into the open plan office/ old library areas eliminating electrical radiant heaters resulting in 7.2 MWh reduction in electrical power.
- Free Cooling of IT Multimedia open plan area using mechanical ventilation which resulted in saving 50 MWh of cooling for 6 months of the year
- Converting to high efficiency oil boilers for space heating of prefabs improving the efficiency from 70% up to 92%.
- Conversion from oil to natural gas for heating circa 33% of the building .Upgrading the burners thus increasing efficiency and reducing CO<sub>2</sub> emissions.
- Improvements to the building fabric to improve the thermal efficiency.

- Aonaid scáileáin réidh a athsholáthar in ionad sean-mhonatóirí PC feadáin gha-chatóideacha.
- Trealamh saotharlainne eolaíochta a uasghrádú go rátálacha A/B.

Tá na bearta coigiltis seo go léir agus bearta eile ag coigilt 112.2 MWh d'fhuinneamh leictreach do GMIT agus 268 MWh d'ola agus Gás in aghaidh na bliana. Laghdaíodh an fuinneamh iomlán leictreach a úsáideadh idir 2009 agus 2010 de 230 MWh.

#### Gníomhaíochtaí Beartaithe do 2011

In 2011 agus 2012 tá beartaithe ag GMIT ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh trí thabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas:

- Tuilleadh rialaitheoirí soilsithe PIR a shuiteáil sna dorchaí atá fágtha – 45 MWh
- Tiomántáin Luais Inathraithe a fheistiú ar na príomhchaidéil Iphw a thabharfaidh coigealtas de 20% ar thomhaltas cumhachta caidéil – 3.2 MWh in aghaidh na bliana.
- Coigilteas Fuinnimh Bhainistithe Cumhachta ar gach PC – Rialaitheoirí múchta nuair nach mbíonn PC á úsáid. Coigilteas measta de 20% ar ualach PC, i.e. 230 MWh sa bhliain.
- Aisghabháil Teasa AHU as aer astaíochta. Meastar go sábhálfar 40% d'ualach spásdtéimh an achair.
- Soilsíú LED do na carrchlóis – Coigilteas measta de 6 MWh sa bhliain.
- Feabhsúcháin ar fhabraic an fhoirgnimh chun feidhmíocht theirmeach a fheabhsú.

Tá an coigilteas feabhsaithe fuinnimh atá tuartha do 2011-2012 thart ar 284 MWh, é sin móide an coigilteas carntha as tionscnaimh fuinnimh 2010.

- Replacement of old cathode ray tube PC monitors with flat screen units.
- Upgrading of science lab equipment to A/B ratings.

Altogether, these and other energy saving measures are saving GMIT 112.2 MWh of electrical energy and 268 MWh of Oil and Gas annually. The total Electrical energy used between 2009 and 2010 was reduced by 230 MWh.

#### Actions Planned for 2011

In 2011 and 2012, GMIT intends to further improve our energy performance by undertaking the following initiatives:

- Further Installation of PIR lighting controls in the remaining corridors 45 MWh
- Fitting of Variable Speed Drives on the main lphw pumps which will save an estimated 20% on pump power consumption 3.2 MWh annually
- Power Management Energy Saving on all PC's - Shutdown controls when PC not in use. Estimated 20% saving of PC load i.e 230MWh annually
- AHU Heat Recovery from exhaust air. Estimated to save 40% of the space heating load of the area.
- LED lighting for car parks – Estimated saving of 6MWh annually.
- Improvements to the building fabric to improve thermal performance.

The forecasted improved energy savings for 2011- 2012 are in the region of 284 MWh plus additional roll-on saving from 2010's energy initiatives.

## Leabharlann

### Bronntanais

- As a gcineáltas bhronn Jack agus Eva Landy nach maireann, Páirc Mhóinséil, bailiúchán mór leabhar ar an stair áitiúil, ealaín agus litríocht.
- Bhronn Andrew d'Arcy bailiúchán leabhar faoi bhainistiú cáilíochta.
- Bhronn leabharlann champas Chaisleán an Bharraigh bailiúchán leabhar leictreonach ar an leabharlann i nGaillimh.

### Scileanna Faisnéise

In 2009 tugadh an modúl Scileanna Faisnéise isteach sa mhodúl Foghlaim Conas Foghlaim. Is é seo an chéad uair i stair an choláiste go raibh scileanna faisnéise leabharlainne leabaithe go hiomlán i gclár acadúil creidiúnaithe sa choláiste.

### Seachtain Leabharlainne na hÉireann 2010

Bhí Seachtain Leabharlainne na hÉireann ar siúl ar 8 – 12 Márta 2010. Cuimsíodh pardún fíneálacha isteach sa tseachtain chun dreasacht a chur ar fáil d'úsáideoirí leabharlainne a gcuid leabhar a bhí thar téarma a thabhairt ar ais.

Tugadh turas na leabharlainne do roinnt meánscoileanna. Thug baill foirne acadúla de chuid na hinnealtóireachta agus óstáin agus lónadóireachta taispeántais de na gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ina ranna féin.

### Tugadh trí chaint am lóin:

- “Wolves in Ireland” leis an Dr Kieran Hickey, NUIG, 9 Márta
- “The Irish Economy: one hit and two misses” le Marie Finnegan, GMIT, 11 Márta
- “Soupers and Jumpers: Protestant Missions in Connemara” leis an Dr Miriam Moffitt, NUIM, 12 Márta

### Inneall Cuardaigh Cónasctha

Cheannaigh an Leabharlann inneall cuardaigh cónasctha ar a dtugtar Summon i mí Iúil 2010 chun cuardach gan uaim atá furasta le húsáid a chur ar fáil don úsáideoir. Cuireann Summon bunbhosca cuardaigh amháin ar fáil le haghaidh gach foinse faisnéise ar a n-áirítear teacht ar gach acmhainn leabharlainne leictreonach ar íocadh síntiús ina leith.

### Rleabhair

Cheannaigh an leabharlann a céad phacáiste rleabhar riamh i Márta 2010 ó Safari rud a chuir 100 rleabhar ar fáil le haghaidh neach léinn agus baill foirne gnó agus ríomhaireachta.

## Library

### Donations

- Jack and the late Eva Landy, Maunsells Park kindly donated a large collection of books on local history, and art and literature.
- Andrew D'Arcy donated a collection of books on quality management.
- Castlebar campus library donated a collection of electronic books to the library in Galway.

### Information Skills

2009 saw the introduction of the Information Skills module in the Learning to Learn module. This is the first time in the history of the college that a library information skills module has been embedded in a fully accredited academic program in the college.

### Library Ireland Week 2010

Library Ireland week took place on 8th-12th March 2010. A fines amnesty was incorporated into the week to provide an incentive for library users to return their overdue books.

A number of local secondary schools were given a tour of the library. Academic staff from engineering and hotel and catering gave demonstrations of activities carried out in their departments.

### Three lunch time talks were held:

- “Wolves in Ireland” by Dr. Kieran Hickey, NUIG, 9th March
- “The Irish economy: one hit and two misses” by Marie Finnegan, GMIT, 11th March
- “Soupers and Jumpers: Protestant missions in Connemara” by Dr. Miriam Moffitt, NUIM, 12th March

### Federated Search Engine

The Library purchased a federated search engine called Summon in July 2010 to provide user friendly seamless searching for library users. Summon provides one basic search box for all information resources including access to all library subscribed electronic resources.

### Ebooks

The library purchased its first ever ebook package in March 2010 from Safari providing 100 ebooks to business and computing students and staff.

# Pearsanra 5

# Personnel 5

## 31 Lúnasa 2010

Lánaimseartha	501
Páirtaimseartha	181.89

**Iomlán 682.89**

### Catagóirí

Acadúil	366.8
Riarachán	152.67
Tacaíocht	148.42
Taighde	15

**Iomlán 682.89**

### Inscne

Fireann	298.05
Baineann	384.84

**Iomlán 682.89**

## 31 August, 2010

Full-Time	
Part-Time	

**Total**

### Categories

Academic	
Admin	
Support	
Research	

**Total**

### Gender

Male	
Female	

**Total**

## Éachtaí na Foirne 5.2

**Ceaptar Marion Coy don Chomhairle Eolaíochta (CE).** Ceapadh an tUachtarán Marion Coy don Chomhairle Eolaíochta,, Cuireann an CE comhairle maidir le polasaí ar fáil do Rialtas na hÉireann ar shaincheisteanna meántéarmacha agus fadtéarmacha a bhaineann leis an eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht agus cuidíonn le forbairt agus cur i bhfeidhm straitéise náisiúnta. Is í an Chomhairle an comhéadan príomhúil idir na páirtithe leasmhara agus lucht déanta polasaí sa réimse CE.

### Scoil na nDaonnachtaí

- Thug **Hazel Walker**, Léachtóir i bPéintéireacht, taispeántas dá saothar nua, A Sudden Country, sa Paul Lane Gallery i mBaile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair.
- Léiríodh **Katherine West**, Léachtóir i gCeirmeacht, i dtaispeántas Generations, Ó Glúin go Glúin sa Kenny Art Gallery. Is taispeántas é seo le teaghlaigh ealaíonta. Léiríodh Katherine in éineacht lena máthair, an t-ealaíontóir Margaret Irwin. Léiríodh Katherine freisin i dtaispeántas a bhí ar siúl sa Peppercannister Gallery i mBaile Átha Cliath.

## Staff Achievements 5.2

**Marion Coy Appointed to Advisory Science Council (ASC)** President Marion Coy was appointed to the National Advisory council for Science, Technology and Innovation. The ASC provides policy advice to the Irish Government on medium and long-term science, technology and innovation (STI) issues and contributes towards the development and implementation of a national strategy. The Council is the primary interface between stakeholders and policy makers in the STI arena.

### School of Humanities

- **Hazel Walker**, Lecturer in Painting, had an exhibition of new works, A Sudden Country, in the Paul Lane Gallery in Dublin in October.
- **Katherine West**, Lecturer in Ceramics, was featured in the Generations, Ó Glúin go Glúin exhibition running at the Kenny Art Gallery. This is an exhibition of work by artistic families. Katherine was featured with her mother, the artist, Margaret Irwin. Katherine also featured in an exhibition running in the Peppercannister Gallery in Dublin.



- Tharla ócáid bheo leis an ealaíontóir/déantóir scannáin **Vivienne Dick**, Léachtóir i Scannán, agus aionna speisialta ar 5 Samhain i gcomhar le Féile Scannáin Chorcaí, Lárionad Scannáin Chorcaí agus an Crawford Gallery.
- Sheol **John Langan**, Léachtóir i nDealbhóireacht, Fóidín Mearbhaill: A Field in Transition i mí na Nollag. Coimisiún ealaíne poiblí é seo ag Comhairle Contae Shligigh, agus é maoinithe faoin scéim % d'ealaíona.
- Bhí taispeántas grianghraf le **Patricia Mulkeen**, Léachtóir i nGearmáinis, ar siúl i nDánlann Halla an Bhaile i gClár Chlainne Mhuiris i Meitheamh 2010. D'oscail Joe Lynch iarambasadóir chun na Nigéire agus na hEilbhéise an taispeántas ar an Satharn 13 Márta. Tuairisc phictiúrtha é seo ar an am a chaith sí san Afraic in 2006 agus 2008.
- Iarradh ar **Deirdre O'Mahony**, Léachtóir i bPéintéireacht, alt a scríobh le haghaidh leabhair nua, cuid de Groves Monographs on Marriage and Family atá le bheith foilsithe ag University of Michigan Press. Cuireann an t-alt síos ar an Kilnaboy Project agus déanann cur síos ar stair shóisialta theaghlach sa cheantar. Chuir Deirdre i láthair freisin a tionscadal ealaíne tuaithe: X-Po in the West of Ireland ag siompóisiam idirnáisiúnta Acadamh Mínealaíon na Fionnlainne. Bhí Public Participative Art: Performance in Everyday Life a bhí mar théama ag an siompóisiam a bhí ar siúl ar 14 agus 15 Nollaig.
- Bhí na léachtóirí **Séamus McGuinness** (Ealaín agus Dearadh) agus **John Tunney** (Staidéar Oidhreacht) i measc cheithre ealaíontóir déag as Éirinn uile a ghlac páirt in Vital Signs, tionscnamh mórchlú de chuid na Comhairle Ealaíon i gcomhar le Create. Ba chlar é Vital Signs d'ócáidí ealaíon agus sláinte a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath agus chuimsigh sé comhdháil aon lae i gColáiste Ríoga na Lianna, taispeántas i gcúig láthair i mBaile Átha Cliath ó 14 – 21 Deireadh Fómhair agus sraith de phíosaí tuairime maidir le cleachtadh na n-ealaíon agus na sláinte. Bhí Séamus i mbun PhD trí chleachtadh i Staidéar ar an bhFéinmharú in UCD, atá curtha i gcrích anois aige. Roghnaíodh John do scéim % do na hEalaíona agus é ag scríobh amhrán i gcomhar le seanáitritheoirí ar fhorbairt nua tithíochta i gCill Mháille, Co. an Chláir.
- Ghnóthaigh an láithreán gréasáin EuroCatering duais eile faoin Lipéad Teanga Eorpach. Is é sin an tríú duais don tionscadal, An tSlóibhéin Nollaig 08, An Bheilg Meán Fómhair 09 agus an Iorua Nollaig 09. Tá an tionscadal á reáchtáil ag **Anne Brindley**, Léachtóir i bhFraincis, agus é mar aidhm aige scileanna teanga na neach léinn a bheidh ag obair sa tionscal óstáin ar ball a fheabhsú.
- There was a live event with artist/film-maker **Vivienne Dick**, Lecturer in Film, and special guests on 5 November in association with Cork Film Festival, Cork Film Centre and the Crawford Gallery.
- **John Langan**, Lecturer in Sculpture, launched Fóidín Mearbhaill: A field in Transition in December. This is a public arts commission by Sligo County Council, funded under the % for Arts scheme.
- **Patricia Mulkeen**, Lecturer in German, had an exhibition of photographs running in the Town Hall Art Gallery in Claremorris in March 2010. The exhibition was opened on Saturday, 13 March, by Joe Lynch, former Ambassador to Nigeria and Switzerland, and is a pictorial record of her time in Africa in 2006 and 2008.
- **Deirdre O'Mahony**, Lecturer in Painting, was asked to contribute an article to a book, part of the new Groves Monographs on Marriage and Family, to be published by the University of Michigan Press. The article featured the Kilnaboy Project and captured the social history of families in the area. Deirdre also presented her rural art project: X-PO in the West of Ireland at an international symposium at the Finnish Academy of Fine Arts. The symposium centred on Public Participative Art: Performance in Everyday Life was held on 14 and 15 December
- Lecturers **Seamus McGuinness** (Art and Design) and **John Tunney** (Heritage Studies) were among fourteen artists selected from throughout Ireland to participate in Vital Signs, a prestigious Arts Council initiative delivered in conjunction with Create. Vital Signs was a programme of arts and health events taking place in Dublin that included a one-day conference in the Royal College of Physicians, an exhibition in five venues in Dublin 8 from October 14 - 21, and a series of opinion pieces about arts and health practice. Séamus was pursuing a PhD by practice in Suicide Studies in UCD, which he has now completed, while John was selected for a % for Arts scheme writing songs with older residents in a new housing development in Kilmaly, Co. Clare.
- The Euro-Catering website won another European Language Label award. This is the third award for the project: Slovenia in December 08, Belgium in September 09 and Norway December 09. The project is run by **Anne Brindley**, Lecturer in French, and seeks to improve the language skills of students, who will eventually be working in the hotel industry.

## An Scoil Óstáin

- Ghnóthaigh an céimí nua Aidan Ryan Duais 2009 do Bhainisteoir Óg Fáilteachais na Bliana de chuid an Irish Hospitality Institute (IHI) (thíos).



## Hotel School

- Graduate Aidan Ryan won the 2009 Irish Hospitality Institute (IHI) Young Hospitality Manager of the Year Award (below).

56

- Thug Fáilte Éireann cuireadh do na léachtóirí sa Scoil Óstáin **Colin Gilligan** agus **Pat Conway** páirt a ghlacadh i gclár forbartha léachtóra i Scoil Ealaíona Cócaireachta Ferrandi i bPáras i Meitheamh 2010. Faoin scéim chéanna tugadh cuireadh do na léachtóirí Mary Reid agus Gene Raftery páirt a ghlacadh i gclár in Johnson & Wales University, Rhode Island, SA.
- I Meitheamh 2010, ghnóthaigh an láithreán gréasáin EuroCatering Language Training atá á chomhordú ag an léachtóir sna Daonnachtaí **Anne Brindley** an Duais CALICO 2010 Esperanto "Access to Language Education".
- Sheol an léachtóir in Ealaíona Cócaireachta **Louis Smith** a chéad leabhar "Forest Fungi in Ireland", in GMIT i mí na Nollag 2009

- Hotel School lecturers **Colin Gilligan** and **Pat Conway** were invited by Fáilte Ireland to participate in a lecturer development programme in the Ferrandi School of Culinary Arts in Paris in June 2010. Under the same scheme, lecturers Mary Reid and Gene Raftery were invited to participate in a programme in Johnson & Wales University, Rhode Island, US.
- In June 2010, the EuroCatering Language Training website which is co-ordinated by School of Humanities lecturer **Anne Brindley**, won CALICO's 2010 Esperanto "Access to Language Education" Award.
- Culinary Arts lecturer **Louis Smith** launched his first book, "Forest Fungi in Ireland", in GMIT in December 2009.



## Scoil na hEolaíochta

### Duais ITAG do Léachtóir i Ríomhaireacht



